Gaelscoil Uí Earcáin,
Bóthar Ghlas an Éin,
Fionnghlas Thoir,
Baile Átha Cliath 11

Fón: (01) – 8643544
eolas@gsue.ie
www.gsue.ie
Príomhoide: Leah Ní Mhaoláin

# Cód Iompair
# Ghaelscoil Uí Earcáin
# 2018 ar aghaidh

# Dréacht 5

# I. Contents


1. Stair an Pholasaí ... 4
2. Ráiteas Tosaigh ... 4
3. Réamhrá ... 4
   3.1 Riail na Gaeilge ... 4
   3.2 Aidhm na Scoile ... 4
   3.3 Tús na Bliana ... 5
4 Cód Iompair ... 5
5. Gaol le spiorad sainiúil na scoile ... 5
6. Cód Iompair – Aidhmeanna ... 6
   6.1 Príomhaidhm agus Spriocanna ... 6
7. Cód Iompair - Ábhar an pholasaí ... 7
8. Treoirlínte faoi iompair sa scoil ... 8
   8.1 Meas ... 9
   8.2 Tromaíocht ... 9
   8.3 An Ghaeilge ... 9
   8.4 Maoin agus Sealúchas ... 9
   8.5 Feisteas ... 9
   8.6 Cumarsáid ... 10
   8.7 Fearas Pearsanta ... 10
9. Obair Bhaile – Polasaí na Scoile ... 10
10. Scaipeadh an Chóid ... 11
11. Cur chuige na scoile maidir le hiompar dearfach a chur chun cinn ... 11
   11.1 Róil agus Freagrachtaí ... 11
      11.1.1 An Fhoireann ... 11
      11.1.2 An Bord Bainistíochta ... 11
      11.1.3 Tuismitheoirí ... 11
      11.1.4 Daltaí ... 12
12. Straitéisí dearfacha chun iompar a bhainistiú ... 12
   12.1 An Seomra Ranga ... 12
   12.2 Rialacha Scoile ... 12
   12.3 Obair Baile ... 13
   12.4 An Chlós ... 13
   12.5 Tionól ... 13
   12.6 Limistéir eile na scoile ... 14

12.7 An Leithreas ... 14
12.8 Gníomhaíochtaí atá bainteach leis an scoil ... 14
12. 9 Fun Friends & Friends for Life ... 14
13. Duaiseanna agus Smachtbhannaí ... 15
13.1 Duaiseanna agus Aitheantas tugtha do dhea-iompar ... 15
13.1.1. Córas na dticéad ... 15
13.1.2. Corn na Gaeilge ... 15
13.1.3. Tinrimh ... 15
13.1.4. Duaiseanna Tinrimh i rith na Bliana ... 15
13.1.5. Aitheantas Speisialta Ghaelscoil Uí Earcáin ... 16
13.1.6. Gradam Ghaeilgeoir na Bliana ... 16
13.1.7. Duaiseanna Spóirt ... 16
13.2 Córas Réalta agus Aghaidheanna Sásta (N Bheaga – Rang 1) ... 16
13.3 Réaltaí agus Stampaí (Rang 2 – Rang 6) ... 17
13.4 Smachtbhannaí ... 17
13.4.1. Straitéisí chun plé le iompar mí-chuí ... 17
13.4.2. Mí-Iompar Tromchúiseach ... 19
13.4.3. An Seomra Machnamh ... 20
13.4.4. Ag Cur páistí go seomraí eile ... 20
13.4.5. Feisteas ... 21
13.4.6. An Ghaeilge ... 21
13.4.7. Meas ... 22
13.4.8. Dícheall ... 22
13.4.9. Amuigh sa Chlós ... 22
13.4.10. Tuismitheoirí a bheith páirteach i mbainistiú an droch-iompar ... 23
13.4.11. Iompar ionsaitheach nó foréigneach a bhainistiú ... 23
14. Fionraí / Díbirt ... 24
14.1 Fionraí ... 24
14.2 Díbirt ... 24
14.3 Acomhairc ... 24
15. Taifid a choinneáil ... 24
16. Fógra a thabhairt go mbeidh dalta as láthair ón scoil ... 25
17. Tagairt do pholasaithe eile ... 25
18. Critéir Rathúlachta ... 25
19. Róil agus Freagrachtaí ... 25
20. Dáta don chur i bhfeidhm ... 25
21. Clár ama don Athbhreithniú ... 26

22. Daingniú & Cumarsáid ........ 26
23. Tagairtí ........ 26
24. AGUISÍN 1 – Tromaíocht ........ 27
25. AGUISÍN 2 – Fón Pócaí ........ 30
26. AGUISÍN 3 - Fionraí, Díbirt agus Achomharc ........ 31
27. AGUISÍN 4 - Admháil an Tuismitheora / na dTuismitheoirí ........ 43

## Stair an Pholasaí

| Dáta | Sonraí |
|---|---|
| 2006 | An Chéad Polasaí Iompar curtha le chéile |
| 2011 | Athbhreithniú déanta |
| 2015/2016 | Athbhreithniú déanta |
| 2016 (16/09/16) | Athbhreithniú déanta – Dréacht 1 (2016) |
| 2016 (27/09/16) | Dréacht 2 (2016) |
| 2016 (29/09/16) | Dréacht 3 (2016) |
| 2016 (10/10/16) | Dréacht 4 (2016) |
| 2018 /08/10/18) | |

## 1. Ráiteas Tosaigh

Cuireadh an polasaí seo le chéile ag tús 2011 don chéad uair. Bhí Cód Iompar curtha le cheile i 2006 agus 2010 mar aon le coinníollacha an NEWB i 2006 , bhí cumann na dtuismitheoirí bainteach le cur le chéile an chóid. Chuir an Bord Bainistíochta an dréacht-pholasaí seo le chéile i gcomhar le foireann na scoile. Tar éis dul i gcomhairle le Cairde Uí Earcáin, cumann na dTuismitheoirí sa scoil, scaipeadh an dréacht-pholasaí ar gach clann sa scoil ag Nollag 2011. Tugadh deis do gach tuismitheoir freagairt don dréacht agus moltaí a dhéanamh. Foilsíodh an polasaí leasaithe Mí na Nollaig 2011 agus tháinig sé i bhfeidhm ar dtús ón 23/12/2011. Rinneadh athbhreithniú ar an gcód iomlán i mbliana (2016) agus tá an dréacht nua ins an doiciméid seo.

## 2. Réamhrá

### 3.1 Riail na Gaeilge

Is bunscoil lán-Ghaeilge í Gaelscoil Uí Earcáin arb í an Ghaeilge teanga teagaisc, ghnó agus chumarsáide na scoile. Is í an Ghaeilge an teanga teagaisc i ngach ábhar seachas an Béarla, an teanga chaidrimh idir na múinteoirí, gach ball foirne agus na daltaí agus an teanga chaidrimh idir na daltaí féin i gcónaí. Tá de dhualgas, dá réir, ar na daltaí an Ghaeilge a labhairt lena chéile sa scoil, sa chlós, i dtimpeallacht na scoile, agus ar imeachtaí scoile oifigiúla taobh amuigh de láthair na scoile. Tá de dhualgas ar na tuismitheoirí riail na Gaeilge seo a mhíniú dá bpáiste agus tacú leis.

### 3.2 Aidhm na Scoile

Is í aidhm Ghaelscoil Uí Earcáin bunoideachas d'ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do pháistí na scoile i dtimpeallacht thaitneamhach, shábháilte lán-Ghaelach. Tugtar aird chuí do chúlra, phearsantacht agus chumas gach dalta agus an aidhm seo á chur i gcrích. Tá béim i gcónaí ar fhorbairt an pháiste le linn a t(h)réimhse sa scoil. Leagtar béim freisin ar dhea-iompar ar scoil agus bítear ag súil le

caighdeán ard ó na daltaí le go mbeidh daltaí, foireann agus teaghlaigh na scoile in ann taitneamh agus tairbhe a bhaint as a dtaithí sa scoil. Aithnítear gur ar na tuismitheoirí a luíonn freagracht i leith iompar a ndaltaí ar an gcéad dul síos agus nach féidir leis an scoil ardchaighdeán iompair a bhaint amach gan chomhoibriú agus tacaíocht na dtuismitheoirí.

Bítear ag súil le tacaíocht iomlán ó gach tuismitheoir/caomhnóir chun aidhm na scoile a chur i gcrích.

### 3.3 Tús na Bliana

Beidh an cód iompar mínithe do na páistí sna ranganna ag tús na bliana gach bliain ag an leas phríomhoide nó duine sinsearach ón bhfoireann. Is seans é seo do pháistí dul i dtaithí ar na céimeanna ins an chód ag tús na bliana tar éis dóibh bheith ar laethanta saoire an tsamhraidh.
Tuigeann muid mar scoil go bhfuil athrú mór i gceist do na páistí sin atá ag bogadh ó rang a haon go dtí rang a dó. Tá na páistí seo ag bogadh ón córas ‘aghaidheanna sásta’ go dtí an córas do na hard ranganna agus mar sin beidh só-lúbthacht i gceist don chéad tréimhse i rang a dó. Beidh an tréimhse só-lúbthachta seo faoi dhiscréid na múinteoirí ag tús na bliana ach de ghnáth is go dtí oíche Shamhna atá i gceist.

## 4 Cód Iompair

Mar gur pobal ann féin gach scoil tá sé riachtanach go mbeadh rialacha agus treoracha a bhaineann le hiompar agus le smacht ann sa chaoi is go rachaidh obair na scoile chun tairbhe gach éinne atá páirteach san obair thábhachtach laethúil sin.

Cabhraíonn Cód Iompair le cruthú agus cothú timpeallachta a thacaíonn le baint amach aidhm na scoile. Ba chóir go mbeadh an Cód Iompair in-thuigthe do chách agus infheidhmithe gan mórán dua. Cothóidh sé ord agus eagar a rachaidh chun tairbhe na foghlama. Beidh sé rí-thábhachtach sa phróiséis oideachais agus ullmhóidh sé daltaí na scoile chun páirt ghníomhach, eagraithe a ghlacadh sa tsochaí nuair a bheidh siad in aois fir is mná.

Bainfidh an Cód Iompair seo le hiompar gach dalta - istigh sa scoil nó mar bhall de ghrúpa aitheanta de phobal na scoile taobh amuigh den scoil, faoi stiúir múinteora. Is cuid bhunúsach agus lárnach an Cód seo de bhainistíocht agus d'eagrú na scoile, ina bhfuil tuismitheoirí, daltaí, na múinteoirí agus an bhainistíocht lán ghníomhach.

Tá Bord Bainistíochta na scoile freagrach as na daltaí faoina gcúram ó am oscailte oifigiúil na scoile go dtí am scoir agus le linn imeachtaí oifigiúla réamhscoile agus iar-scoile atá faoi chúram múinteoirí. Bíonn an Cód Iompair i bhfeidhm go h-iomlán le linn thréimhsí chúraim an Bhoird.

## 5. Gaol le spiorad sainiúil na scoile

Is scoil í Gaelscoil Uí Earcáin a aithníonn féiniúlacht agus uathúlacht gach dalta agus a chuireann roimpi sonas an pháiste a chothú i dtimpeallacht agus atmaisféar cuí. Cothaítear timpeallacht shona eagraithe atmaisféar scoile a chabhraíonn le forbairt gach dalta - forbairt ar neamhspleáchas, fhéinmheas, fhéinmhuinín, charadas, chomhoibriú, ionracas agus dílseacht.

Is scoil lán Ghaeilge í Gaelscoil Uí Earcáin. Déantar chuile iarracht bród agus mórtas as an dteanga agus as an gcultúr Gaelach a chothú sna gasúir.

Scoil í seo ina mbíonn gach deis ag an dalta é féin a fhorbairt go hiomlán.

## 6. Cód Iompair – Aidhmeanna

Is iad an haidhmeanna atá ag Gaelscoil Uí Earcáin i bhforbairt an chóid seo ná:

- Cinntiú go gcuirtear timpeallacht oideachasúil ar fáil atá treoraithe ag aidhm na scoile;
- Cur ar chumas na scoile feidhmiú ar bhealach ordúil ionas gur féidir le daltaí dul chun cinn a dhéanamh i ngach gné dá bhforbartha;
- Atmaisféar a chruthú ina bhfuil meas agus tuiscint ag pobal na scoile ar a chéile agus ina nglactar le daoine mar atá agus áit go mbráthann gach duine de phobal na scoile slán;
- Iompar dearfach agus féinsmacht a chothú, ag tabhairt airde ar na difríochtaí idir daltaí agus an gá le freastal ar na difríochtaí sin;
- Daltaí a spreagadh freagracht phearsanta a ghlacadh as a bhfoghlaim agus as a n-iompar féin;
- Sábháilteacht agus dea-bhraistint gach ball den phobal scoile a chinntiú;
- Cabhrú le tuismitheoirí agus daltaí tuiscint a fháil ar na córais agus na nósanna imeachta atá mar chuid den chód iompair agus a gcomhoibriú a lorg agus na nósanna imeachta sin á gcur i bhfeidhm;
- Cinntiú go gcuirtear an córas rialacha, duaiseanna agus smachtbhannaí i bhfeidhm ar bhealach cothrom agus comhleanúnach ar fud na scoile;

### 6.1 Príomhaidhm agus Spriocanna

Is í príomhaidhm an Chód Iompair seo ná dea-iompar a chothú.

Is iad seo na spriocanna atá leis an gcód iompair:

- atmaisféar a chruthú a spreagann agus a threisíonn dea-iompar;
- timpeallacht dhearfach shábháilte a chruthú don teagasc agus don fhoghlaim;
- daltaí a spreagadh le freagracht phearsanta a ghlacadh as a bhfoghlaim agus a n-iompar;
- cabhrú le daoine óga teacht in inmhe mar shaoránaigh fhreagracha rannpháirteacha;
- caidrimh dhearfacha chomh-mhuiníne agus chomhthacaíochta a chothú i measc daltaí, ball foirne agus tuismitheoirí
- a chinntiú go dtuigtear ionchais arda na scoile i leith iompar gach ball de phobal na scoile agus go bhfuil eolas fairsing orthu.

Déanfaidh baill uile na foirne gach iarracht cur chuige dearfach a chur i bhfeidhm ar chúrsaí iompair sa scoil. Bainfidh múinteoirí úsáid as cur chuige agus straitéisí dearfacha, oiread agus is féidir, chun daltaí a spreagadh agus a mhealladh, lena n-áirítear:

- Spreagadh a thabhairt
- Ard mholadh a thabhairt
- Dualgais a bhronnadh
- Duaiseanna a bhronnadh

- Cairt deá- iompair a choimeád
- Tuairisc a thabhairt do thuismitheoir/chaomhnóir
- Pribhléidí a thabhairt mar thoradh ar dhea-iompair

## 7. Cód Iompair - Ábhar an pholasaí

Tá an polasaí eagraithe faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Treoirlínte faoi iompar sa scoil

2. Cur chuige na scoile uile maidir le hiompar dearfach a chothú agus a chur chun cinn

    - An Fhoireann
    - An Bord Bainistíochta
    - Tuismitheoirí
    - Daltaí

3. Straitéisí dearfacha chun iompar a bhainistiú

    - An Seomra Ranga
    - Rialacha Scoile
    - Obair bhaile
    - An Chlós
    - Tionól
    - Limistéir eile sa scoil
    - An Leithreas
    - Gníomhaíochtaí atá bainteach leis an scoil

4. Duaiseanna agus smachtbhannaí

    - Duaiseanna agus aitheantas tugtha do dhea-iompar
        - Córas na dticéad
        - Corn na Gaeilge
        - Maighnéad Tinrimh (Naíonáin Bheaga – Rang 3)
        - Pas Obair Baile (Rang 4, 5 & 6)
        - Tinreamh dheireadh na bliana
        - Aitheantas Speisialta Ghaelscoil Uí Earcáin
        - Gradam Ghaeilgeoir na Bliana
        - Duaiseanna Spóirt
        - Cearnóg aghaidheanna Sásta
    - Straitéisí chun freagairt d'iompar míchuí
    - Mí-iompair tromchúiseach
    - Tuismitheoirí a bheith rannpháirteach i mbainistiú an drochiompair
    - Iompar ionsaitheach nó foréigneach a bhainistiú

5. Fionraí / Díbirt

    - Fionraí
    - Díbirt
    - Achomhairc

6. Taifid a choinneáil

7. Nós imeachta chun fógra a thabhairt go mbeidh dalta as láthair ón scoil

8. Tagairt do Pholasaithe eile.

**AGUISÍNÍ**

- AGUISÍN 1 - Tromaíocht
- AGUISÍN 2 - Fón Póca
- AGUISÍN 3 - Fionraí, Díbirt agus Achomharc
- AGUISÍN 4 – An Ráiteas Straitéise Faoi Fhreastal Scoile a Fhorbairt
- AGUISÍN 5 - Admháil an Tuismitheora / na dtuismitheoirí

## 8. Treoirlínte faoi iompair sa scoil

Is iad seo leanas na caighdeáin iompair lena bhfuiltear ag súil leo i Gaelscoil Uí Earcáin, chomh maith le cur síos ar rialacha na scoile.

Bítear ag súil, i nGaelscoil Uí Earcáin, le –

- dea-iompar ó gach dalta agus go léireoidh gach dalta tuiscint agus meas ar daltaí eile agus ar dhaoine fásta;
- go léireoidh gach dalta meas ar mhaoin na scoile, maoin daltaí eile agus ar a maoin féin;
- go léireoidh gach dalta meas ar shuíomh agus ar thimpeallacht na scoile;
- go bhfreastalóidh gach dalta ar scoil ar bhonn rialta agus go mbeidh siad ann in am;
- go ndéanfaidh gach dalta a d(h)ícheall ar scoil agus san obair bhaile;
- go n-inseoidh daltaí an fhírinne agus go ndéanfar tuairisciú ar dhrochiompar a tharlaíonn dóibh nó do dhaoine eile;
- go mbeidh gach dalta rannpháirteach in imeachtaí uile na ranga agus go mbainfidh siad triail as gach rud;
- go mbeidh daoine san áireamh i gcónaí agus nach bhfágfar daoine amach d'aon turas;
- go n-imreofar gach cluiche go macánta, go cóir agus i gcothram na féinne i gcónaí;
- go mbeadh gach dalta aireach agus cúramach i gcónaí i láthair na scoile;
- go mbeadh na daltaí scoile in am agus réitithe go hiomlán d'obair an lae - lena gcuid leabhar, ábhar scríbhneoireachta, ábhar corpoiliúna agus araile agus an obair bhaile (ó bhéal agus scríofa) réitithe agus déanta go hiomlán agus go cuimsitheach;
- go dtabharfaidh na daltaí aird ar agus aire do na rialacha sládála i gcónaí;
- nach ndéanfaidh daltaí aon rud a chuirfeadh buairt ar, nó a chuirfeadh isteach ar dhalta(í), nó a bhainfeadh de bhunchearta dalta obair scoile a dhéanamh nó dul i mbun caitheamh aimsire gan baol trasnáile, corraíle nó clampair.

Chuige seo beidh na rialacha scoile seo leanas i bhfeidhm:

## 8.1 Meas

- Léireodh na daltaí meas orthu féin, ar a gcomhscoláirí, ar na múinteoirí agus éinne a thagann ar cuairt chun na scoile.
- Léireoidh daltaí na scoile meas ar mhúinteoirí agus ar fhoireann chúntach na scoile i gcónaí agus comhlíonfaidh na daltaí a n-orduithe dleathúla agus iad i mbun a gcuid dualgaisí scoile.
- Ní bheidh aon dalta páirteach in aon mhí-iompar, díreach nó indíreach, a chuirfeadh bac ar, cur isteach ar nó baint do mhúinteoirí na scoile agus iad i mbun a gcuid dualgas.
- Is cóir a bheith múinte le baill na foirne agus daoine fásta eile sa scoil chomh maith le aon chuairteoirí a thagann chun na scoile.

## 8.2 Tromaíocht

(féach AGUISÍN 1 thíos)

- Tromaíocht a thugtar ar gach ionsaí, ó bhéal, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann aonarán nó grúpa go leanúnach i gcoinne dalta nó daltaí eile.
- Ní ghlactar le tromaíocht cainte nó gnímh d'aon saghas.
- Tá sé de cheart ag gach dalta i nGaelscoil Uí Earcáin dul i mbun na foghlama agus taitneamh a bhaint as a dtráthanna scíthe saor ó scanrú nó imeaglú.
- Ní ghlacfar le haon ghníomh, glaoch ainmneacha nó caint neamhcharthanach - fiú nuair nach raibh rún ann duine nó dalta a ghortú.
- Níl cead droch-chaint a úsáid ná smugairlí a chaitheamh.
- Ba chóir do dhaltaí ómós a thaispeáint dá chéile trí gach ócáid tromaíochta a thuairisciú.(Beidh sé seo múinte go foirmeáilte tríd an gclár 'Bí Sábháilte.')

## 8.3 An Ghaeilge

- Tacóidh pobal uile na scoile le Riail na Gaeilge na scoile.

- Léireoidh na daltaí meas ar an nGaeilge trí í a labhairt i gcónaí sa scoil, ag teacht agus ag imeacht ón scoil, nó ag aon ócáid scoile. Cuirfear smachtbhanna ar pháiste de bharr bhriseadh Riail na Gaeilge. Is gné fíor-thábhachtach í phríomhtheanga na scoile de Chód Iompair na scoile.

## 8.4 Maoin agus Sealúchas

- Léireoidh na daltaí meas ar mhaoin na scoile agus ar shealúchas phobal na scoile.
- Ní bheidh cead maoin nach leo a thógáil gan údarás, a mhilleadh, scríobh air nó a chur i bhfolach.
- Coinneoidh na daltaí a seomraí ranga agus foirgneamh na scoile glan, néata agus saor ó bhruscar.
- Coinneoidh na daltaí clós agus timpeallacht na scoile glan, néata agus saor ó bhruscar. Ba chóir aon bhruscar a chur sna boscaí nó sna málaí cuí.
- Ní dhéanfaidh na daltaí aon chur isteach ar fhearas na scoile. Ní bhainfidh siad mí-usáid as nó ní dhéanfaidh siad neamart de, go háirithe fearas slándála.
- Ní mór aon damáiste, dochar, briseadh nó scriosadh a chur in iúl láithreach don phríomhoide nó don mhúinteoir ranga.

## 8.5 Feisteas

- Is ceart éide scoile a chaitheamh gach lá ach amháin nuair a cheadaítear a mhalairt.

- Ba chóir do pháistí bróga reatha a chaitheamh ar na laethanta go mbíonn siad i mbun spóirt. Bá chóir go mbeadh bróga oiriúnach a chaitheamh ag páistí agus iad ar scoil. Mar shample, má tá 'Heelies' a chaitheamh acu, caithfidh na rothaí a bheith curtha isteach i rith am scoile.
- Fáinní cluaise beaga (studs) amháin a cheadaítear.
- Níl cead ag na daltaí smideadh a chaitheamh.
- Iarrtar ar pháistí a fhaigheann feisteas spóirt ón scoil agus iad ag imirt ar fhoirne scoile aire an-mhaith a thabhairt de agus é a thabhairt ar ais tar éis gach cluiche.
- Tá cosc iomlán ar guma coganta.
- Ní cheadaítear caitheamh tobac nó táirgí tobac, drugaí nó alcól a bheith i seilbh pearsanta daltaí ag am ar bith.
- Níl cead uirlisí ná substaintí dainséaracha/neamhdhleathach a chuirfeadh aon duine i mbaol a thabhairt ar scoil.

### 8.6 Cumarsáid

- Ceadaítear fóin póca má tá an polasaí fóin póca léite agus an Conradh Fóin Póca sínithe ag tuismitheoir(í) an dalta.
- I gcásanna ina bhfuil páiste amháin ag insint scéal faoi pháiste eile, caithfidh an múinteoir a bheith cúramach nach nglacann siad le focal páiste amháin thar aon pháiste eile. Nuair atá na múinteoirí ag smaoineamh ar cé h-iad na smachtbhannaí le cur i bhfeidhm caithfidh siad cinntiú go bhfuil an scéal ceart acu. Mar shampla, munar fhaca an múinteoir eachtra ar an chlós nó munar chuala an múinteoir mar shampla droch theanga is leor an balla machnaimh in áit cárta clóis go dtí go bhfaighidh siad an scéal iomlán. Is gá taifead a dhéanamh de gach scéal ar eagala go mbeadh pátrún i gceist nó aon bhulaíocht i gceist.
- Tá cosc iomlán ar úsáid cheamaraí ghuthán.
- Má tá guthán póca ag aon pháiste caithfear é a chasadh as i rith am scoile.

Nóta: Tá polasaí cuimsitheach ar fhóin póca agus na céimeanna a ghlactar i gcás sárú an pholasaí foilsithe ag an mBord Bainistíochta agus ar fáil ar suíomh na scoile. Beidh cóip crua ar fáil ón oifig más gá.

### 8.7 Fearas Pearsanta

- Beidh na téacsleabhair, cóipleabhair agus uirlisí ceart ag gach dalta do gach rang.
- Beidh ainm scríofa ag dalta ar gach leabhar agus téacsleabhar
- Coinneofar dialann na scoile go néata i gcónaí

## 9. Obair Bhaile – Polasaí na Scoile

Tá sé de dhualgas ar na tuismitheoir(í) a chinntiú go bhfuil an obair bhaile déanta go sásúil. Iarrtar ar na tuismitheoir(í) an obair bhaile a shíniú i ndialann an pháiste nó ar bhileog obair baile an pháiste agus an t-am a chaitheann an dalta leis an obair bhaile a bhreacadh. Iarrtar nóta ar an tuismitheoir sa gcás nach n-éiríonn leis an dalta an obair bhaile a dhéanamh nó a dhéanamh go sásúil. Má tharlaíonn sé seo go rialta agus muna bhfaighimid nóta rachaidh am múinteoir ranga i dteangmháil leis na tuistí agus tá taifead ag an scoil faoi seo.

Seo a leanas an méid ama a mholann an fhoireann teagaisc a chaitheadh do pháiste ag an obair bhaile, ag cur san áireamh nach ag an luas céanna a dhéanann gach dalta an obair bhaile.

- Ranganna na Naíonáin: 20 nóimead.
- Rang 1 agus 2: Leathuair an chloig.
- Rang 3 agus 4: Idir leathuair an chloig agus 40 nóimead.
- Rang 5 agus 6: Idir 40 nóimead agus uair an chloig.

# 10. Scaipeadh an Chóid

Beidh cóip ar fáil ar shuíomh idirlíon na scoile. Dáilfear cóip leictreonach de ar thuismitheoirí nua na scoile agus iarrfar orthu cóip de a shíniú nuair a dhéantar áit a thairiscint dá dalta sa scoil. Beidh cóip crua ar fáil san oifig más gá.

# 11. Cur chuige na scoile maidir le hiompar dearfach a chur chun cinn

Ní dhéanfaidh cód iompair leis féin timpeallacht a chruthú ina mbeidh daltaí ag foghlaim agus dea-iompar le sonrú. Cuireann atmaisféar na scoile, sainmheoin na scoile, luachanna, polasaithe, agus nósmhaireachtaí leis an gcód iompar seo. Aithnítear, dá réir, go bhfuil cur chuige scoile iomlán i gceist maidir le cur chun cinn dea-iompair

## 11.1 Róil agus Freagrachtaí

### 11.1.1 An Fhoireann

Tugtar deis do bhaill foirne ionchur a bheith acu i bpolasaithe scoile agus go háirithe mar a bhaineann leis an gcód iompair de. Tarlaíonn an dul i gcomhairle seo ag cruinnithe foirne, laethanta inseirbhíse agus laethanta pleanála.

Glacann an Príomhoide Tánaisteach ról comhairliúcháin le múinteoirí nua agus mínítear an cód iompair dóibh.

Úsáidtear curaclam OSPS na scoile chun tacaíocht a thabhairt don chód iompair. An aidhm atá aige ná cabhrú lenár daltaí scileanna cumarsáide, bealaí cuí idirghníomhaíochta agus iompair agus scileanna um réiteach coinbhleachtaí a fhorbairt. Déanann sé iarracht freisin féinmheas a chothú agus cabhrú le daltaí glacadh le difríochtaí agus saoránacht a fhorbairt.

### 11.1.2 An Bord Bainistíochta

Tá an Bord Bainistíochta freagrach as Cód Iompair Ghaelscoil Uí Earcáin a fhorbairt agus athbhreithniú rialta a chinntiú. Tacaíonn an Bord Bainistíochta le foireann na scoile i gcur i bhfeidhm an chóid seo
Cuireann an Bord Bainistíochta deiseanna ar fáil d'fhorbairt foirne nó taighde foirne na bealaí ina dtacaíonn an Bord Bainistíochta leis an gcód iompair sa scoil ar bhonn leanúnach.

Pléann an Bord Bainistíochta le cásanna iompair i rith na bliana de réir mar atá leagtha síos sa chód seo.

### 11.1.3 Tuismitheoirí

Scaiptear cóip leictreonach den chód iompair ar gach teaghlach nuair atá dalta ag glacadh le háit sa scoil. Iarrtar ar thuismitheoirí an cód a shíniú ag glacadh leis sula dtosnaíonn dalta ins an scoil.

Iarrtar ar thuismitheoirí tacú leis an scoil ar na bealaí seo leanas:

- Déanann siad cinnte go mbíonn daltaí ag freastal ar scoil go rialta agus a bheith in am

- Spreagann siad na daltaí a ndícheaill a dhéanamh agus a bheith freagrach as a gcuid oibre
- Tá siad ar an eolas faoi rialacha, faoi chóras duaiseanna agus smachtbhannaí na scoile agus comhoibríonn siad leis
- Freastalaíonn siad ar chruinnithe ag an scoil má éilítear orthu
- Cabhraíonn siad le daltaí an obair bhaile a dhéanamh agus déanann siad cinnte go bhfuil sí tugtha chun críche acu
- Déanann siad cinnte go mbíonn na leabhair agus na hábhair riachtanacha don scoil ag daltaí.

#### 11.1.4 Daltaí

Déantar plé le daltaí maidir leis an gcód iompair go rialta agus bíonn páirt lárnach acu i ndréachtí rialacha don seomra ranga, sa tionól gach seachtain agus tríd an curaclam sna ranganna OSPS.

Tá ról an-tábhachtach ag Comhairle na nDaltaí maidir le moltaí don chód iompair. Bíonn na 9 ionadaí tofa ar an gComhairle mar 'ghuth' na ndaltaí agus buaileann siad leis an bpríomhoide go minic chun a tuairimí agus tuairimí a gcomhghleacaithe a chur trasna.

# 12. Straitéisí dearfacha chun iompar a bhainistiú

## 12.1 An Seomra Ranga

Úsáidtear na straiteisí dearfacha seo leanas chun dea-iompar a spreagadh sa seomra ranga:

- Bíonn ionchur ó dhaltaí nuair a bhíonn na rialacha ranga á gcur le chéile – go hiondúil ag tús gach scoilbhliain.
- Bíonn na rialacha ranga le feiceáil go soiléir i ngach seomra ranga.
- Tugtar moladh don dea-iompar.
- Tugtar treoracha soiléir.
- Déantar plé agus díospóireacht go rialta faoi na rialacha ranga / scoile.
- Cuirtear clár ama i bhfeidhm sna ranganna.

## 12.2 Rialacha Scoile

Tá rialacha na scoile bunaithe ar thart ar **An Ghaeilge**, **Meas** a léiriú dá chéile agus a n**Dícheall** a dhéanamh i gcónaí. Seo leanas rialacha aontaithe na scoile:

1. Labhraímid **an Ghaeilge** go bródúil.
2. Léirímid **meas** ar phobal uile na scoile, a dtuairimí, a gcultúr, a gcuid foghlaim agus a gcuid maoine.
3. Déanaimid ár **ndícheall** i gcónaí lenár gcuid obair scoile agus obair bhaile.
4. Bímid **macánta** agus tugaimid cothrom na féinne do gach duine i gcónaí.
5. Bímid **séimh.** Ní ghortaímid aon duine d'aon ghnó.

***Nótaí***

***Rialacha ar fáil sa rang***

Moltar go n-úsáidtear na rialacha ranga céanna sna hardranganna agus rudaí níos simplí ins na bunranganna ar mhaithe le leanúnachas agus comhsheasmhacht maidir le cur i bhfeidhm an chód iompair.

## 12.3 Obair Baile

Úsáidfear straitéisí dearfacha chun tacú le polasaí obair bhaile na scoile agus chun daltaí a spreagadh chun an obair bhaile a chur i gcrích i gcónaí. I measc na straitéisí chun déileáil le daltaí nach mbíonn an obair bhaile déanta acu go sásúil nó go rialta tá:

1. Labhróidh an múinteoir leis an dalta.
2. Rachaidh fógra abhaile ag úsáid an App Aladdin, ón múinteoir ranga, chuig na tuismitheoirí ag míniú nach raibh an obair baile déanta go sásúil (Rang 1 – Rang 6 amháin).

## 12.4 An Chlós

Amuigh sa chlós úsáidfear na straitéisí seo leanas chun dea-iompar a spreagadh agus chun plé leis an droch iompar:

- Leagtar amach rialacha go soiléir don chlós agus déantar iad a phlé go rialta sna seomraí ranga agus ag an tionól. Beidh na rialacha seo ar fáil sa chlós chomh maith.
- Bíonn múinteoirí i mbun feitheoireachta ag am sosa agus ag am lóin. Socraítear róta feitheoireachta chuile téarma. Bíonn cúntóir(í) riachtanais speisialta i mbun feitheoireachta gach lón ar an gclós.
- Ar laethanta fliuche fanann na daltaí sna seomraí ranga agus bíonn múinteoirí ag déanamh feitheoireachta. Bíonn cluichí boird agus aiseanna le dathú agus pictiúir a tharraingt curtha ar fáil sna ranganna. Ó am go ham bíonn Cartúin TG4 a thaispeáin i rang na Naíonáin.
- Eagraítear na ranganna i línte le gach dalta in ord aibítir. **

***Bíonn cásanna eisceachtúla i gceist maidir le line ord aibítre. Ma tá ga (mar shampla – droch iompar/ troid sa line – is féidir leis an oide daoine a bhaint as an line agus iad a chur ina sheasamh ag barr an líne*

Seo leanas rialacha aontaithe an chlóis:

1. Fanaimid amach ón bhféar agus gairdíní.
2. Déanaimid línte ciúine nuair atá duine fásta ag caint.
3. Ní théimid timpeall an cúinne nó isteach sa scoil gan cead.
4. Fanaimid amach ó na páirceanna peile.
5. Iarraimid cead dul go dtí an leithreas agus fillimid láithreach.

## 12.5 Tionól

Is ócáid thábhachtach é an tionól i saol na scoile. Reáchtáiltear an tionól uair sa tseachtain, ar maidin agus tráthnóna gach Aoine. Seo a leanas cuntas gairid ar an gcur chuige sa tionól:

- Léitear amach nuacht ó na ranganna éagsúla. Tagraítear do laethanta breithe na ndaltaí le seachtain anuas.
- Faigheann dalta amháin as gach rang teastas na Gaeilge as sár-iarracht a dhéanamh maidir le Gaeilge a labhairt i rith na seachtaine. Glaofar amach ainm an dalta sin ag an tionól. Seasann siad suas ina líne agus faigheann siad aitheantas ó gach duine don iarracht atá déanta acu.
- Faigheann dalta amháin as gach rang teastas Iompair as sár-iarracht a dhéanamh ó thaobh na hiompar de i rith na seachtaine. Glaofar amach ainm an dalta sin ag an tionól. Seasann siad suas ina líne agus faigheann siad aitheantas ó gach duine don iarracht atá déanta acu.
- Crannchur na dticéid glasa, dticéid buí agus dticéid poncúlachta (féach 9.1.1. thíos). Bronntar duaiseanna ar na daltaí a ghlaofar a n-ainmneacha amach.
- Bronnadh *Corn na Gaeilge* (féach 13.1.2. thíos).

Bítear ag súil leis an gcaighdeán céanna iompair ó gach dalta a bhíonn i láthair ag an dtionól agus atá leagtha síos don seomra ranga.

## 12.6 Limistéir eile na scoile

Is cuid lárnach den chóras dea-iompar sa scoil an chaoi ina n-iompraíonn na daltaí iad féin agus iad ag siúl timpeall na scoile. Timpeall na scoile iarrtar ar pháistí:

- Siúl go béasach ciúin i línte díreacha trí phasáistí na scoile;
- Ní cheadaítear do daltaí bheith ag rith taobh istigh den scoil;
- Géilleadh do rang níos óige nó do ghrúpa níos lú nó duine aonair ag doirse;
- Suí go ciúin ina línte ranga ag am tionóil agus éisteacht nuair a ardaítear lámh an mhúinteora i gceannas ar an tionól;
- Siúl isteach go ciúin tar éis gníomhaíochtaí na maidine agus ciúinniú nuair a ardaítear láimh an mhúinteora sa halla le paidir a rá;
- Bheith cuirtéiseach agus béasach le daoine;
- Beannú do chuairteoirí agus fáilte a chur rompu chun na scoile;

Tá sé fíor thábhachtach go dtuigeann na ranganna thuas staighre agus thíos staighre na rialacha maidir leis húsáid an staighre. Dhéantar gach iarracht siúl **ar chlé** agus iad ag úsáid an staighre ach bíonn seo ag bráth ar an trácht ar na staighre ag an am.

## 12.7 An Leithreas

Chun dea-iompar a spreagadh agus chun dea-chleachtas uainíochta a dhéanamh, ní cheadaítear ach beirt ón rang amach go dtí an leithreas ag an aon am amháin. Bíonn deis ag na daltaí cleachtadh a fháil ar cead a lorg ón múinteoir ranga go múinte béasach agus fanacht le freagra. Is gá do gach dalta siúl chuig agus ar ais ón leithreas.

Beidh cead ag páistí ó rang a sé dul leo féin go dtí an leithreas ag bráth ar chúrsaí iompar sa rang. I gcásanna mar sin beidh na socruithe sin pléite le agus aontaithe le bainistíocht na scoile.

## 12.8 Gníomhaíochtaí atá bainteach leis an scoil

Baineann na rialacha agus na caighdeáin iompair atá leagtha síos sa chód iompair seo le haon ghníomhaíochtaí scoile nó turais scoile

## 12. 9 Fun Friends & Friends for Life

Beidh an clár ‘Fun Friends’ i bhfeidhm i Rang 1 agus an clár ‘Friends for Life’ i bhfeidhm i Rang 5 gach bliain mar pháirt dár straitéisí dearfach chun deá-iompar a spreagadh ins na páistí. Is cláir atá bunaithe ar féin mhuinín, cairdeas agus smacht ar a gcuid mothúcháin atá i gceist le na cláir faoi léith seo.

# 13. Duaiseanna agus Smachtbhannaí

## 13.1 Duaiseanna agus Aitheantas tugtha do dhea-iompar

Tugtar aitheantas do **dhea-iompar** sa scoil ar na bealaí seo leanas:

- Gaeilgóir na Seachtaine ó gach rang a ainmniú ag an tionól agus teastas a bhronnadh air / uirthi.
- Dea-iompar a mholadh ó bhéal. Feabhas ar iompar / dea iompar a nótáil agus a roinnt leis an bPríomhoide / na Tuismitheoirí. Is féidir go mbeadh cuairt ar an oifig i gceist nó nóta sa dialann obair bhaile i gcás tuismitheoirí
- Córas na dticéad (féach thíos).

### 13.1.1. Córas na dticéad

**a) Ticéad glas**

Bíonn ticéid glasa ar fáil sa chlós gach lá. Roghnaíonn an múinteoir atá ar an gclós daltaí faoi léith atá ag déanamh sár-iarracht an Ghaeilge a labhairt agus bronnann ticéad glas orthu.

**b) Ticéad buí**

Bronntar ticéad buí ar phaistí éagsúla don dea-iompar sa chlós ag lón beag agus lón mór.

**c) Ticéad Poncúlachta**

Bronntar ticéad poncúlachta gach maidin ar na daltaí a bhíonn ar scoil ag **8.50 r.n.** mar spreagadh do na daltaí le bheith ar scoil i ndeá-am ar maidin. Dáileann gach múinteoir ranga na ticéid ar na daltaí ar fhilleadh dóibh ar an seomra ranga. Reáchtáiltear crannchur gach Aoine ag an dtionól agus bíonn duais ar fáil.

### 13.1.2. Corn na Gaeilge

Bronntar Corn na Gaeilge ar an rang is fearr a dhéanann iarracht Gaeilge a labhairt. Má bhíonn an bua ag an rang faoi thrí, bíonn an deis ag an rang roghnú as liosta na luaíochtaí thíos, mar shampla:

1. Oíche saor ó obair bhaile scríofa
2. Cóisir le popcorn
3. DVD / Scannán
4. Siúlóid go dtí an páirc imeartha
5. Am órga
6. Am Spóirt Breise

### 13.1.3. Tinrimh

Bronntar maighnéad tinrimh mar ghradam ar aon phaiste ó Naíonáin bheaga go rang a trí nach gcailleann aon lá i rith na míosa. Bronntar pas obair baile mar ghradam ar aon phaiste ó rang a ceathair go rang a sé nach gcailleann aon lá i rith na míosa. Is ábhair amháin atá i gceist leis an pas obair baile.

- Naíonáin Bheaga go Rang 3 – Tugtha dóibh sin le tinreamh lán i rith na míosa
- R4/5/6 – Pas OB d'ábhar amháin dóibh sin le tinreamh lán i rith na míosa

### 13.1.4. Duaiseanna Tinrimh i rith na Bliana

Bronntar duaiseanna ar pháistí a raibh sár thinrimh acu ag deireadh gach téarma. Bronntar gradam speisialta ag deireadh gach scoilbhliain ar na daltaí a raibh tinreamh an-mhaith acu le linn

na bliana. Bronntar teastas agus bronntanas ar na daltaí sin. [Tá Oifigigh Tinrimh DEIS bainteach leis an ngradam seo chomh maith.]

#### 13.1.5. Aitheantas Speisialta Ghaelscoil Uí Earcáin

Bronntar gradam speisialta ar chailín agus ar bhuachaill amháin ag deireadh na bliana mar gheall ar a ndíograis, a gcineáltais agus a ndeá-iompar i rith na bliana.

#### 13.1.6. Gradam Ghaeilgeoir na Bliana

Bronntar gradam 'Gaeilgeoir na Bliana' ar pháiste amháin ó na bun ranganna agus ar pháiste amháin ó na hard ranganna ag tionól dheireadh na bliana mar aitheantas ar sár iarracht i labhairt na Gaeilge i rith na bliana.

#### 13.1.7. Duaiseanna Spóirt

Glacann a lán páistí páirt i gcúrsaí spóirt i rith na bliana agus tugann Gaelscoil Uí Earcáin aitheantas do na páistí sin ag deireadh na bliana. Bronntar duaiseanna faoi léith spóirt ar pháistí a rinne iarracht mhór leis an spóirt i rith na bliana. Bíonn a n-iompar le linn na h-imeachtaí spóirt seo tugtha san áireamh chomh maith nuair atá na buaiteoirí a roghnú.

## 13.2 Córas Réalta agus Aghaidheanna Sásta (N Bheaga – Naíonán Mhóra)

Ta córas réalta agus aghaidheanna sásta i bhfeidhm ó Naíonáin bheaga go rang 1. Seo leanas cur síos ar.

**Córas Réalta agus Aghaidheanna Sona**

Córas é seo trínar féidir leis na daltaí creidmheas a ghnóthachtáil as dea-iompar lena chur i gcoinne aon drochiompar. Is chun dea-iompar a spreagadh, mar aon le haitheantas a thabhairt don dea-iompar sin an córas seo. Cabhraíonn an córas seo le cruthú atmaisféar dearfach foghlama sa seomra ranga.

Bíonn póstaer nó taispeántais sa rang le gach ainm scríofa air. Bíonn aghaidh sásta amháin in aice le gach ainm gach maidin. Bíonn an deis ag na daltaí aghaidheanna sásta a thuilleadh i rith an lae. Má tá ar a laghad trí cinn acu, faigheann said réalt ag deireadh an lae. Nuair a fhaigheann siad méid áirithe réaltaí (ag bráth ar an múinteoir agus ar an bpaiste) faigheann siad duais beag.

Ma bhíonn droch iompar ar siúl leanann an mhúinteoir na céimeanna seo:

1. Foláireamh ó bhéal
2. Aghaidh brónach- ciallaíonn an aghaidh brónach nach féidir leo bogadh ar aghaidh. Tá orthu rud maith a dhéanamh chun fail réidh leis an aghaidh brónach agus má dhéanann tosaíonn said ar ais ar na aghaidheanna sásta.
3. Comhrá neamhfhoirmiúil leis na tuistí faoin droch iompar.
4. Cuirtear céimeanna eile an chórais i bhfeidhm (féach thíos)

Leanann an córas sin ar aghaidh gach lá go dtí go mbíonn tréimhse ama sonraithe thart, m.sh, nuair atá 5 réalt. Faigheann na daltaí duais.

Má fós leanann an droch iompar ar aghaidh, seo na céimeanna a thógann an múinteoir:

1. Foláireamh ó bhéal
2. Cárta Iompair Ranga – Cárta Bán 1
3. Cárta Iompair Ranga - Cárta Bán 2
4. Cárta Iompair Oifige (Cárta buí 1)
5. Cárta Iompair Oifige (Cárta buí 2) & Fionraí sa scoil
6. Fionraí sa bhaile
7. Díbirt

Féach ar leathanaigh 18 agus 19 le míniú a fháil.

## 13.3 Réaltaí agus Stampaí (Rang 1 – Rang 6)

Mar ionad oideachais bíonn dualgas orainn béim a leagan ar fhreagracht i measc na ndaltaí is sine sa scoil. Mar sin, ní bheidh aon aghaidheanna sásta sna hardranganna. Táimid, mar mhúinteoirí, ag iarraidh múineadh dóibh go mbíonn ionchas ann go mbeadh dea-iompar á léiriú ag na daltaí níos aibí sa scoil.

Ag leanúint plean tacaíochta NEPS (BESD -A Continuum of Support) 2010 (lth 112), beidh an rang ag obair mar fhoireann chun pribhleidí a bhuachaint don rang ar fad. Ar an mballa sa seomra ranga, beidh cairt le féiceáil. Ní bheidh aon ainmneacha ann ach spásanna chun réaltaí a tharraingt – réalta glas i gcomhair Gaeilge agus réalta buí i gcomhair iompair. An múinteoir amháin a bhíonn ag tarraingt na réaltaí agus faoi gach réalt scríobhann an múinteoir uimhir an dalta. Tabharfaidh an múinteoir réaltaí amach dona daltaí a bhíonn béasach, ag obair go díograiseach agus ag léiriú dea-iompar sa rang. Ní bheidh fhios ag na paistí cathain a bhfaighfidh siad na réaltaí ón múinteoir. Nuair a bhíonn an cáirt 1/4 lán, gheobhaidh an rang rud amháin saor ón obair bhaile, 1/2 lán beidh oíche saor ó obair bhaile ag an rang, ¾ lán beidh cead acu breathnú ar DVD. Agus nuair a bhíonn sé go hiomlán lán, rachaidh siad ar thuras beag ( ag fágáil suíomh na scoile).

Is faoi discréid an mhúinteora é, cinneadh a dhéanamh faoi cé a mbeidh cead acu pribhléid ¼, ½, ¾ agus an pribhléid deireanach a fháil.

## 13.4 Smachtbhannaí

Beidh an córas seo leanas i bhfeidhm ó Rang 1 go Rang 6:

1. Foláireamh ó bhéal
2. Cárta Bán 1
3. Cárta Bán 2
4. Cárta Buí 1
5. Cárta Buí 2 & Fionraí sa scoil
6. Fionraí sa bhaile
7. Díbirt

Muna bhfuil an iompar go maith leanfar na céimeanna seo a leanas (mar atá leagtha amach thíos sa dréacht seo.)

### 13.4.1. Straitéisí chun plé le iompar mí-chuí

Úsáidtear smachtbhannaí le freagairt do iompar mí-chuí. Déantar gach iarracht plé le daltaí i gcás droch iompair agus cuidiú leo machnamh a dhéanamh ar an iompar agus freagracht a ghlacadh as.

Úsáidtear smachtbhannaí chun dínit na bpáirtithe uilig a chaomhnú agus cuidiú le daltaí machnamh a dhéanamh ar an iompar.

Déantar taifead do gach céim a dtéann aon pháiste ar, ar Aladdin.

Glactar na céimeanna seo leanas, ceann ar cheann, agus sinn ag plé le droch iompar sa scoil, ag brath ar chomh tromchúiseach agus a bhíonn an mí-iompar i dtuairim an mhúinteoir ranga:

<table>
<tr><th></th><th>Céim</th><th>Sonraí</th></tr>
<tr><td>1</td><td>Foláireamh ó bhéal</td><td><ul><li>Labhróidh an múinteoir leis an ndalta/na daltaí. Déanfar é seo go ciúin nó os comhair an ranga, de réir mar is cuí.</li><li>Tarraingeofar pribhléidí siar, m.sh. ní thabharfar postanna le déanamh sa rang ná teachtaireachtaí timpeall na scoile.</li><li>Páiste sa Seomra Machnaimh an lá sin nó an lá ina dhiaidh sin.</li></ul></td></tr>
<tr><td>2</td><td>Cárta Bán 1</td><td><ul><li>Iarrtar ar an dalta rialacha na scoile a scríobh amach ar chúl an chárta agus síniú na dtuismitheoirí a fháil mar ghealltanas go gloífidh sé / sí leis na rialacha as sin amach;</li><li>Príomhoide/Leas Príomhoide curtha ar an eol trí r-phost.</li><li>Sonraí le líonadh isteach ar Aladdin</li><li>Páiste sa Seomra Machnaimh an lá sin nó an lá ina dhiaidh sin.</li></ul></td></tr>
<tr><td>3</td><td>Cárta Bán 2</td><td><ul><li>An Príomhoide/Leas Príomhoide a chur ar an eolas go foirmeálta (is féidir sin a dhéanamh thar r-phost);</li><li>Cruinniú neamh-fhoirmealta le tuismitheoirí an dalta chomh luath agus gur féidir</li><li>Iarrtar ar an dalta rialacha na scoile a scríobh amach arís ar chúl an chárta. Déanann siad é seo sa bhaile.</li><li>Caithfidh an dalta 30 - 45 nóiméad a chaitheamh i rang múinteoir eile mar phionós. Bíonn orthu obair a dhéanamh ansin. Cuirtear na tuismitheoirí ar an eol má bhíonn ar an pháiste dhul go rang eile.</li><li>Nóta: Cuirfear an príomhoide ar an eol ma dhiúltaíonn an dalta bogadh. Is ag an bpríomhoide a bheas an cinneadh dheireanach ansin.</li><li>Páiste sa Seomra Machnaimh an lá sin nó an lá ina dhiaidh sin.</li></ul></td></tr>
<tr><td>4</td><td>Cárta Buí 1</td><td><ul><li>Tugtar cárta iompar oifige (cárta buí) ar an gceathrú eachtra de droch iompar a chúisíonn cárta iompair ranga in aon scoilbhliain nó i gcás eachtra tromchúiseach.</li><li>Príomhoide/Leas Príomhoide curtha ar an eol trí r-phost.</li><li>Beidh na sonraí go léir curtha ar Aladdin mar thaifead.</li><li>Cuirtear an drochiompar in iúl don Phríomhoide chomh luath agus gur féidir ag brath ar dháiríreacht an eachtra.</li><li>Cuireann an príomhoide glaoch abhaile ag cur an drochiompair in iúl do na tuismitheoirí.</li><li>Reáchtáiltear cruinniú idir an Mhúinteoir ranga agus na tuismitheoirí.</li><li>Tionóltar cruinniú idir an dalta, Príomhoide, agus Múinteoir ranga agus tuismitheoirí. Labhraítear go príobháideach leis an dalta agus na tuismitheoirí le chéile.</li><li>I gcás go mbíonn beirt thuismitheoir i láthair ag aon chruinniú beidh beirt ón bhfoireann i láthair chomh maith.</li><li>Tuairisc don Bhord Bainistíochta ar chásanna iompar mar seo. Ní bheidh ainm aon pháiste luaite ach díreach an iompar a bheas a phlé.</li><li>Páiste sa Seomra Machnaimh an lá sin nó an lá ina dhiaidh sin.</li></ul>Nóta: Tá impleachtaí ann do thuras scoile dheireadh na bliana, do dhaltaí nuair a fhaigheann siad cártaí buí . Féach thíos:<table><tr><td>Cárta Buí  fáighte i dTéarma 1</td><td>Muna dtéann siad thar céim 4 ar an gcód iompar i dtéarma 2 & 3 beidh cead acu</td></tr></table></td></tr>
</table>

<table>
<tr><td></td><td></td><td><table>
<tr><td></td><td>dul ar thuras scoile dheireadh na bliana.</td></tr>
<tr><td>Cárta Buí fáighte i dTéarma 2</td><td>Muna dtéann siad ar céim 4 nó thar ar an gcód iompar i dtéarma 3 beidh cead acu dul ar thuras scoile dheireadh na bliana.</td></tr>
<tr><td>Cárta Buí fáighte i dTéarma 3</td><td>Ní bheidh cead acu dul ar an turas scoile.</td></tr>
</table></td></tr>
<tr><td>5</td><td>Cárta buí 2 & Fionraí sa scoil</td><td>• Is ionann fionraí sa scoil ná lá amháin a chaitheamh i rang mhúinteoir eile. Bíonn obair le déanamh acu agus iad ansin.<br>• Sa chás go bhfaigheann dalta 2 chárta buí in aon téarma amháin cuirtear an dalta sin ar fhionraí sa scoil. Tionóltar cruinniú smachta idir an Príomhoide, an Mhúinteoir ranga agus na tuismitheoirí roimh ré leis na socruithe a dheimhniú.<br>• Páiste sa Seomra Machnaimh an lá sin nó an lá ina dhiaidh sin.</td></tr>
<tr><td>6</td><td>Fionraí sa bhaile</td><td>• Beidh an dalta ar fionraí sa bhaile.<br>• Beidh an tréimhse ama ag brath ar céard go díreach a tharla.</td></tr>
<tr><td>7</td><td>Díbirt</td><td>• I gcás gur creachadóireacht atá i gceist íocfaidh tuismitheoirí an pháiste as an damáiste.<br>• Coimeádfaidh an múinteoir cuntas scríofa ar mhí-iompar leanúnach agus ar eachtraí mí-iompair thromchúiseacha.</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="2">Nótaí:<br>• Is féidir leis an phríomhoide céim a scipeail má cheapainn sí/sé go bhfuil an eachtra tromchúiseach agus is féidir leis an bhord bainistíochta tosú le haon cheann de chéimeanna 1 – 6, maraon leis na céimeanna eatramhacha, ag brath ar chomh tromchúiseach is atá an drochiompar.<br>• Sula dtugann múinteoir amach cárta iompar, ba chóir dóibh an dara síniú a fháil ar an chárta iompar sin (an cás a phlé le bainistíocht na scoile agus cinneadh aontaithe a dhéanamh).<br>• Tá cártaí buí agus dearg ag gach múinteoir sa rang. Úsáidítear na cártaí buí le cur in iúl go bhfuil an múinteoir ranga ag lorg an príomhoide nó an leas phríomhoide. Úsáidítear an cárta dearg i gcásanna práinneach nuair atá an múinteoir ranga ag lorg an príomhoide nó an leas phríomhoide.<br>• Ní féidir cinneadh a dhéanamh páiste a chur ar fionraí ar scoil gan é a bheith pléite leis an bpríomhoide.</td></tr>
</table>

### 13.4.2. Mí-Iompar Tromchúiseach

Mi-iompar atá eisceachtúil agus de bharr sin ní chloíonn an múinteoir leis na gcéimeanna 2 - 7 thuas, m.sh troid fisiciúil le dalta eile, ag eascaine (droch theanga) agus cuirtear an páiste abhaile láthaireach nó chuig rang eile má níl na tuismitheoirí ar fáil.

Cuirtear glaoch abhaile láithreach ag cur síos ar an drochiompar. Iarrfar ar na tuismitheoirí bualadh leis an múinteoir ranga. Socróidh an múinteoir agus na tuismitheoirí conas an mí-iompar a cheartú. I gcás go mbíonn beirt thuismitheoir i láthair ag aon chruinniú beidh beirt ón bhfoireann i láthair chomh maith.

Má leanann an drochiompar ar aghaidh, cuireann an príomhoide glaoch eile abhaile ag iarraidh ar na tuismitheoirí teacht chun na scoile chun bualadh leis an bpríomhoide agus an múinteoir ranga.

Má fheiceann an Príomhoide go bhfuil gá le dalta a chur ar fionraí ón scoil caithfear é a phlé leis

an mBord Bainistíochta. Má thagann an chead sin ón mBord:

i. Cuirfidh an Príomhoide an cinneadh in iúl do na tuismitheoirí.
ii. Ní rachaidh an chéad tréimhse thar lá amháin, an dara ceann thar dhá lá is srl. ach amháin sa chás go mbíonn gá le tréimhse níos faide.
iii. Ag deireadh an tréimhse fionraithe caithfidh na tuismitheoirí teacht ar scoil leis an dalta chun gealltanas a thabhairt go mbeidh caighdeán iompair i bhfad níos fearr le sonrú i scríbhinn.
iv. Mura bhfuil feabhas mór le sonrú in iompar an pháiste, agus más gá, cuirfidh an Cathaoirleach an dalta ón scoil, faoi fhorálacha an Acht Oideachais 1998.

Is ceadmhach do thuismitheoirí achomharc a lorg faoin gcóras atá i bhfeidhm faoi fhorálacha Mhíreanna 28 agus 29 den Acht Oideachais 1998.

### 13.4.3. An Seomra Machnamh

Tá 'Seomra Machnamh' (SM) in úsáid sa scoil le seans a thabhairt do pháistí machnamh ar a ndroch iompar ar scoil. Beidh na páistí sa tseomra machnaimh ar feadh cúig déag nóiméad ag am lón mór (12:30 – 12:45) agus beidh múinteoir amháin i gceannas ar aon duine a bheas ansin. Ní bheidh ach páistí ó Rang a haon go Rang a sé curtha go dtí an seomra machnamh.

Sa tseomra machnaimh beidh an páistí ag déanamh obair scríofa nó díreach ag suigh go ciúin.

Seo leanas na cásanna ina mbíonn an seomra machnamh in úsáid:

| | |
|---|---|
| **Béarla** | Paistí ar bith a fuair cárta Béarla |
| **Obair Baile** | Ón tríú nóta abhaile ar aghaidh rachaidh siad go dtí an SM gach uair tar éis é seo |
| **Meas** | Aon pháiste a léiríonn easpa meas ar mhúinteoirí/pháistí eile |
| **Feisteas** | Aon pháiste a chaitheann fáinní cluasa (taobh amuigh de 'studs') nó smideadh. Is ar an dara uair dóibh é seo a dhéanamh a théann siad go dtí an seomra machnaimh. |
| **Céimeanna Iompar** | Aon pháiste a bhfuair céim ar an chód iompar. |
| Úsáidtear 'Am Órga' don aon rud eile. Thig le múinteoir tréimhse de 'Am Órga' a bhaint d'aon pháiste mar phionós. | |
| ***Is páistí ó R1 – R6 atá i gceist nuair atá an seomra machnamh i gceist.*** | |

### 13.4.4. Ag Cur páistí go seomraí eile

Is féidir páiste a chuir go rang eile má tá sé/sí ag cur isteach ar an rang an iomarca. Déantar iarracht gan páiste a chur go rang ina bhfuil deartháir nó deirfiúr.

| **Thuas Staighre** | **Thíos Staighre** |
|---|---|
| Go dtí rang béal dorais<br>(i.e. leibhéal ranga suas nó síos amháin) | Go dtí rang béal dorais<br>(i.e. leibhéal ranga suas nó síos amháin) |
| 30-40 nóiméad an méid is mó ama<br>(ceacht amháin) | 15-20 nóiméad an méid is mó ama<br>(ceacht amháin) |

### 13.4.5. Feisteas

Tá rialacha atá bainte le feistis scoile fite fuata leis an gcód iompar agus spreagann muid na páistí i gcónaí cloígh leis na rialacha a bhaineann le feisteas.

Seo thíos na sonraí múna gcloítear le na rialacha:

| Sonraí | Cad a tharlaíonn má bhristear an riail? | | |
|---|---|---|---|
| | ***An Chéad Uair*** | ***An Dara Uair*** | ***An Triú Uair*** |
| Fáinní cluaise beaga (studs) amháin a cheadaítear ar chúis slándala.<br>Níl cead ag na daltaí smideadh a chaitheamh. | Cuireann an múinteoir scéala chuig an oifig thar ríomhphost.<br><br>Glaoch nó téacs curtha abhaile ón oifig ag míniú nach bhfuil cead. | Seomra Machnaimh | Céim ar an gcód iompar |
| Aire a thabhairt do fheisteas spóirt ón scoil. | Cuireann an múinteoir scéala chuig an oifig.<br><br>Glaoch nó téacs curtha ón oifig abhaile. | Seomra Machnaimh | Céim ar an gcód iompar |
| Tá cosc iomlán ar guma coganta. | Foláireamh ó bhéal. | Seomra Machnaimh | Glaoch/Téacs abhaile. |
| Níl cead uirlisí ná substaintí dainséaracha a thabhairt ar scoil. Níl cead mí-úsáid a bhaint as fearais scoile le aon duine eile a ghortú. | Gach cás pléite ar bhun aonarach leis an oifig. | | |
| Níl an scoil freagrach as seodra nó fearais luachmhara a thagann ar scoil le na páistí. | | | |

### 13.4.6. An Ghaeilge

Is bunscoil lán-Ghaeilge í Gaelscoil Uí Earcáin arb í an Ghaeilge teanga teagaisc, ghnó agus chumarsáide na scoile. Is í an Ghaeilge an teanga teagaisc i ngach ábhar seachas an Béarla, an teanga chaidrimh idir na múinteoirí, gach ball foirne agus na daltaí agus an teanga chaidrimh idir na daltaí féin i gcónaí. Tá de dhualgas, dá réir, ar na daltaí an Ghaeilge a labhairt lena chéile sa scoil, sa chlós, i dtimpeallacht na scoile, agus ar imeachtaí scoile oifigiúla taobh amuigh de láthair na scoile (Turais scoile, cluichí spóirt, cuairt ar scoileanna eile, leatha oscailte, srl.)

| Riail na Scoile | Cad a tharlaíonn má bhristear an riail? | | |
|---|---|---|---|
| | ***An Chéad Uair*** | ***An Dara Uair*** | ***An Triú Uair*** |
| Labhraímid **an Ghaeilge** go bródúil.<br><br>**** Taifead déanta do seo ar Aladdin*** | **Seomra Ranga/Ar Fud na Scoile**<br>Cárta Béarla<br>(Síniú Tuismitheora de dhíth)<br>+<br>Seomra Machnaimh<br>(lá sin nó lá dar gceann)<br><br>**Ar an gClós**<br>Cárta Béarla & Cuirfear an páiste ag an mballa. Beidh an méid ama bunaithe ar aois an pháiste (aois an pháiste + 2 nóiméad)<br><br>Ní rachfar thar 5 nóiméad ag am | **Seomra Ranga/Ar Fud na Scoile**<br>Cárta Béarla<br>(Síniú Tuismitheora de dhíth)<br>+<br>2 Lá sa tseomra Machnaimh<br>(lá sin nó lá dar gceann)<br><br>**Ar an gClós**<br>Cárta Béarla & Cuirfear an páiste ag an mballa. Beidh an méid ama bunaithe ar aois an pháiste (aois an pháiste + 2 nóiméad)<br><br>Ní rachfar thar 5 nóiméad ag am lón | Céim ar an gcód iompar |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | lón beag agus 10 nóiméad ag lón mór.<br><br>Seomra Machnaimh<br>(lá sin nó lá dar gceann) | beag agus 10 nóiméad ag lón mór.<br><br>2 Lá sa tseomra Machnaimh<br>(lá sin nó lá dar gceann) | |

### 13.4.7. Meas

Iarraimid ar dhaltaí, foireann agus pobail na scoile meas a léiriú ar a chéile i gcónaí. Tá meas luaite i gceann de na cúig rialacha órga na scoile.

| Riail na Scoile | Cad a tharlaíonn má bhristear an riail? | | |
|---|---|---|---|
| | ***An Chéad Uair*** | ***An Dara Uair*** | ***An Tríú Uair*** |
| Léirímid **meas** ar phobal uile na scoile, a dtuairimí, a gcultúr, a gcuid foghlaim agus a gcuid maoine. | Seomra Machnaimh | 2 Lá sa tseomra Machnaimh | Céim ar an cód iompar |

* Dhéantar taifead ar aon uair a bhristear na rialacha thuas (Gaeilge agus Meas) seo ar Aladdin. Gach uair a théann páiste go dtí an seomra machnaimh beidh nóta déanta mar seo leanas:

- SM – an chéad uair = Seomra Machnaimh 1
- SM – an dara uair = Seomra Machnaimh 2
- SM – an tríú uair = Seomra Machnaimh 3

### 13.4.8. Dícheall

Iarraimid ar na daltaí i gcónaí a ndícheall a dhéanamh.

| Riail na Scoile | Cad a tharlaíonn má bhristear an riail? | | |
|---|---|---|---|
| | ***An Chéad Uair*** | ***An Dara Uair*** | ***An Tríú Uair*** |
| Déanaimid ár **ndícheall** i gcónaí lenár gcuid obair scoile agus obair bhaile. | Téacs curtha abhaile ag rá nach raibh an obair baile déanta.<br><br>Beidh taifead déanta i ndialann obair baile an pháiste chomh maith. | HSCL curtha ar an eol agus an Oifig (Príomhoide)<br><br>Taifead déanta sa dialann obair baile arís. | Má tá trí téacs OB curtha na bhaile rachaidh an páiste go dtí an seomra machnaimh gach uair ina dhiaidh sin. Seans eile ag tús gach téarma. |

### 13.4.9. Amuigh sa Chlós

Glactar na céimeanna* seo leanas agus sinn ag plé le droch iompar sa chlós: (An céim ag bráth ar an iompar)

1. Foláireamh ó bhéal
2. Seasamh ag an balla smaointe. Seasann an dalta ansin ar feadh méid áirithe ama (am bunaithe ar aois an dalta) mar phionós.
3. Cárta Iompar Clóis, sínithe ag an múinteoir ar an gclós.
4. Má fhaigheann an dalta 3 cárta chlóis in aghaidh na míosa, faigheann téann siad ar céim. Má fhaigheann siad 5 cárta chlois, téann siad ar céim 2. Níos mó ná 5 chárta, sin an 3ú céim.

| | | |
|---|---|---|
| 3 Chárta Clóis in aon mí | = | Céim 1 |
| 5 Chárta Clóis | = | Céim 2 |
| 5+ Cárta Clóis | = | Céim 3 |

* Is féidir dul díreach go céim a trí thuas ag bráth go hiomlán ar céard a tharla

### 13.4.10. Páistí le Riachtanais Speisialta

Déanann múinteoirí ranga monatóireacht ar iompair pháistí le riachtanais speisialta. I gcás daltaí a mbíonn deacrachtaí ar leith iompair acu ag éirí as riachtanais speisialta déanfar spriocanna iompair a shonrú i bplean aonair oideachais an pháiste tar éis dul i gcomhairle le tuismitheoirí, foireann raichtanais speisialta agus múinteoir ranga. (cúntóir riachtanais speisialta más cuí). Thig le cur i bhfeidhm an chóid iompar agus na céimeanna a bhaineann leis a bheith difriúl do pháistí le riachtanais speisialta agus beidh gach cás pléite a bhun aonarach ag bráth ar riachtanais an pháiste agus ag bráth ar céard go díreach a tharla.

### 13.4.11. Tuismitheoirí a bheith páirteach i mbainistiú an droch-iompar

Tá cur chuige comhoibritheach rí-thábhachtach d’fheidhmiú an chóid iompair seo.

- Úsáidtear an dialann obair bhaile le teagmháil neamh fhoirmiúil a dhéanamh le tuismitheoirí
- Úsáidtear córas téacsanna ó Aladdin chomh maith le tuismitheoirí a choinnéal ar an eolas maidir le hiompar an dalta.
- Úsáidtear na cártaí iompair chun tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas maidir le hiompar an dalta
- Sna ranganna naíonáin labhraíonn an múinteoir go neamh fhoirmiúil le tuismitheoirí chun eachraí ar leith a thuairisciú dóibh.
- Eagraítear cruinnithe foirmeálta idir múinteoir ranga agus an tuismitheoir nuair is cúis imní é iompar an dalta
- Eagraítear cruinnithe foirmeálta idir múinteoir ranga, tuismitheoir agus an Príomhoide nuair a leanann an mhí iompar.
- Sa chás go mbíonn tuismitheoir buartha faoi aon ghnéith d’iompar a dalta moltar dóibh teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir ranga.

### 13.4.12. Iompar ionsaitheach nó foréigneach a bhainistiú

Sa chás go mbíonn iompar dalta ionsaitheach nó foréignech agus nach n-éiríonn le clár idirghabhála iompair nó smachtbhannaí an iompar sin a athrú agus gur dóichí go bhfuil fadhbanna dáiríre mothúchánacha agus iompair mar bhunús leis na drochiompair glacfar na céimeanna seo leanas:

- Moladh a dhéanamh áit a mbíonn dalta suaite go mothúnach é/í a chur le haghaidh measúnú síceolaíoch. (ach é a seo a bheith pléite le síceolaí NEPS na scoile agus na tuismitheoirí)
- Le cabhair an Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais , lorgaítear tacaíocht chuí ó na seirbhísí atá ar fáil e.g. Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte, NEPS,

  Má chúisíonn iompar foréigneach nó bagrach leanúnach riosca don dalta féin nó do shábháilteacht na ndaltaí eile nó na foirne, cuirfear an dalta ar fionraí de réir pholasaí na scoile i leith fionraithe. D’fhéadfaí dalta a chur ar lá laghdaithe nó a dhibirt ón scoil. Tá dualgas ar an scoil gach iarracht a dhéanamh sábháilteacht agus sláinte phobal uile na scoile a chosaint i gcónaí.

## 14. Fionraí / Díbirt

Seo leanas na sonraí maidir le fionraí agus díbirt.

### 14.1 Fionraí

Maidir le dalta a chur ar fhionraí leanfaidh an Bord Bainistíochta na treoirlínte atá leagtha amach sa doiciméad 'Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna, BNLO.' Cuimsítear i measc na nithe a bheidh i gceist beidh:

- Dea-chleachtais a fhorbairt agus a thaifeadadh maidir le húsáid fionraí
- Gnáthaimh chóra a bheith ann le haghaidh imscrúdaithe agus cinnteoireachta
- Gnáthaimh a bheith ann le tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir lena gceart achomhairc
- Córas a bheith ann le haghaidh athbhreithnithe rialta ag an mBord Bainistíochta ar úsáid fionraí sa scoil.

### 14.2 Díbirt

Maidir le dalta a dhíbirt ón scoil leanfaidh an Bord Bainistíochta na treoirlínte atá leagtha amach sa doiciméad 'Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna, BNLO.' Cuimsítear i measc na nithe a bheidh i gceist beidh:

- Dea-chleachtais a fhorbairt agus a thaifeadadh maidir le húsáid díbeartha
- Gnáthaimh chóra a bheith ann le haghaidh imscrúdaithe agus cinnteoireachta
- Gnáthaimh a bheith ann le tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir lena gceart achomhairc
- Go mbeidh córas ann le haghaidh athbhreithnithe ag an mBord Bainistíochta ar úsáid díbeartha sa scoil

### 14.3 Acomhairc

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais, 1998, féadfaidh tuismitheoirí (nó daltaí a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe acu) achomharc a dhéanamh chun Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta in aghaidh roinnt cinntí an Bhoird Bhainistíochta, lena n-áirítear

(1) eisiamh buan ó scoil agus

(2) fionraíocht ar feadh tréimhse a chiallódh go mbeadh tréimhse fionraíochta iomlán de 20 lá scoile nó níos mó in aon scoilbhliain amháin slánaithe ag dalta.

Mar sin, ní mór do scoileanna tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin gceart achomhairc sin má shocraítear dalta a chur ar fionraí nó a eisiamh go buan ón scoil. De ghnáth, ní mór achomhairc a dhéanamh laistigh de 42 lá féilire ón dáta a cuireadh an tuismitheoir nó an dalta ar an eolas faoi chinneadh na scoile. (Féach Imlitir 22/02)

## 15. Taifid a choinneáil

Ag dul le polasaí na scoile ar thaifid a choinneáil, agus reachtaíocht um chosaint sonraí coinnítear na cuntais seo leanas i leith iompair daltaí

- Cártaí Ranga agus oifige ar chód an pháiste
- Beidh taifead leictreonach déanta ar Aladdin (Bogearra atá in úsáid sa scoil) chomh maith

## 16. Fógra a thabhairt go mbeidh dalta as láthair ón scoil

De réir Alt 18 den Acht Leas Oideachais ní mór do thuismitheoirí an scoil a chur ar an eolas faoi neamhláithreacht dalta agus cúis na neamhláithreachta sin. Ba chóir gach as-láithreacht a chur in iúl i scríbhinn ag míniú cúis na hasláithreachta. Sa chás go gcuireann an tuismitheoirí glaoch ag míniú an asláithreacht, déantar taifead de seo ar Aladdin (Bogearra na scoile).
Sa chás go gcailleann dalta 20 lá nó níos mó, tá dualgas ar an scoil é seo a chur in iúl don Bhord Leas Oideachais. Más de bharr tinnis a chaill do pháiste na laethanta cuirtear seo in iúl.

Tugann an scoil aitheantas gach mí, gach téarma agus ag deireadh na scoilbhliana do pháistí a raibh lán tinreamh acu don scoilbhliain sin.

## 17. Tagairt do pholasaithe eile

Ta dlúthbhaint ag na polasaithe seo thíos leis an gcód iompair

1. Plean OSPS
2. Friththromaíocht
3. Ciapadh
4. Ciapadh gnéasach
5. Clárú
6. Taifid a choinneáil
7. Sláinte & Sábháilteacht
8. Comhionannas
9. Riachtanais Speisialta Oideachais
10. Fóin Póca

## 18. Critéir Rathúlachta

Déanfar rathúlacht an pholasaí seo a mheas ar na bealaí seo leanas

- Iompar dearfach breathnaithe i seomraí ranga, sa chlós súgartha agus sa timpeallacht scoile
- Cleachtais agus nósanna imeachta a liostaítear sa pholasaí seo curtha i bhfeidhm go leanúnach ag múinteoirí
- Aiseolas dearfach ó mhúinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí

## 19. Róil agus Freagrachtaí

Ainmnigh na daoine a mbeidh freagrachtaí áirithe orthu as gnéithe den pholasaí, m.sh.

- Cén ról a bheidh ag an mBord Bainistíochta?
- Cé na daoine a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm an pholasaí seo?
- Cé a dhéanfaidh cur i bhfeidhm an bheartais seo a chomhordú agus cé a dhéanfaidh monatóireacht air sin?
- Cén ról a bheidh ag an bpríomhoide agus ag múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta/eile?
- Cén ról a bheidh ag daltaí?
- Cén ról a bheidh ag tuismitheoirí?

## 20. Dáta don chur i bhfeidhm

Beidh an cód seo curtha i bhfeidhm chomh luath is atá sé curtha os comhair agus faofaithe ag Bord Bainistíocht na scoile.

## 21. Clár ama don Athbhreithniú

Is próiseas leanúnach é athbhreithniú a dhéanamh ar bhainistiú iompair sa scoil. Déanfar an cód iompair a phlé go bliaintúil ag cruinnithe foirne agus ag cruinnithe Boird. Déanfar ath-bhreithniú foirmeálta ar an gcód le linn na scoilbhliana 2018 – 2019.

## 22. Daingniú & Cumarsáid

D'fhaomhaigh an Bord Bainistíochta an cód iompair seo ar an _________ agus scaipeadh ar phobal na scoile ina dhiaidh sin é.

## 23. Tagairtí


- Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna, BNLO, 2008
- An tAcht Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007 - athrú éagsúla faoi nósanna imeachta achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais, 1998.
- An tAcht Oideachais (Leas) 2000, Alt 23 (1-5). 24 (1-5) (Láithreán gréasáin ROE)
- An tAcht Oideachais, 1998, Alt 15 (2(d)) (Láithreán gréasáin ROE)
- Ciorclán 22/02 Nósanna Imeachta Achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais, 1998. (suíomh idirlín ROE) Déileálann sé le hachomhairc faoi na teidil seo a leanas:

    (1) Eisiamh buan ón scoil

    (2) Fionraíocht

    (3) Diúltú do chlárú

- Treoirlínte na Roinne Oideachais agus Eolaíochta faoi Dhul i nGleic le hIompar Tromaíochta i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna (1993) ar fáil ar láithreán gréasáin na ROE)
- Tuairisc don Aire Oideachais Niamh Breathnach, T.D. ar Smacht i Scoileanna. Maeve Martin, Earrach 1997. Caib. 4 lgh 56-61 Moltaí do Scoileanna
- Na Cláir Aireachais agus Walk Tall
- Lámhleabhar Bhaill an Bhoird Bhainistíochta Leasaithe 2007. CPSMA.
- INTO (2004) Ag Bainistiú Iompar Dúshlánach: Treoirlínte do Mhúinteoirí
- INTO (2006) I dTreo an Iompair Dhearfaigh i mBunscoileanna
- Féinmheas a Chothú INTO 1995
- INTO, An tAcht Oideachais 1998, An tAcht Oideachais (Leas) 2000. Ceisteanna agus Freagraí
- The Principal's Legal Handbook Oliver Mahon B.L. IVEA 2002 Caib. 2 School Discipline
- Freagairt don Thromaíocht: Na Chéad Chéimeanna do Múinteoirí An Clár Cool School. Bord Sláinte an Oirthuaiscirt
- Tromaíocht i Scoileanna a Iniúchadh agus a Réiteach. An Clár Cool School. Bord Sláinte an Oirthuaiscirt
- Stop é! Céimeanna le hAghaidh a Thabhairt ar an mTromaíocht. Líonra Oideachais Loch Garman. Comhpháirtíocht Cheantar Loch Garman
- Working Together – to promote positive behaviour in classrooms, CEDR, Mary Immaculate College of Education (due for publication Autumn 2006)
- Achieving Positive Behaviour. A Practical Guide. Patricia Dwyer. Marino
- How to Promote Children's Social and Emotional Competence, Carolyn Webster-Stratton, Sage (2010)
- Behavioural, Emotional and Social Difficulties, A Continuum of Support, NEPS, An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011).

## 24. AGUISÍN 1 – Tromaíocht

Cuirtear pobal na scoile ar an eolas maidir le polasaí na scoile ar thromaíocht leis seo.

Tá sé mar aidhm ag Gaelscoil Uí Earcáin feidhmiú mar phobal a mbíonn meas, comhoibriú, dualgas agus ceartas nádúrtha lárnach ann. Is cuid riachtanach den pholasaí é gur mian leis an scoil tromaíocht a chosc seachas díriú ar í a smachtú. Mar gheall ar sin, is mian linn atmaisféar scoile a chruthú:

- a chuireann ar chumas daltaí ábhair bhuartha a phlé
- a thugann cothrom na Féinne do pháistí
- a chothaíonn féinmhuinín mar a mbítear ag súil le hardchaighdeán agus ina dtugtar aitheantas don dea-iompar.

Is é ról na scoile ná an caighdeán oideachais is airde a thabhairt do gach dalta sa scoil. Caithfear timpeallacht slán seasmhach a bheith ann chun an aidhm seo a bhaint amach. Baineann tromaíocht den timpeallacht fhoghlama agus cuireann sí isteach ar gach éinne, ní amháin sa seomra ranga ach sa scoil i gcoitinne. Mar sin, caithfear tabhairt faoin ábhar go dearfach agus déileáil leis ar bhealach atá cothrom agus cóir.

**Sainmhíniú ar Thromaíocht**

Iompar ionsaitheach ó bhéal, síceolaíoch nó fisiciúil ar dhuine/ar dhaoine ag duine nó ag grúpa atá leanúnach, agus a tharlaíonn arís agus arís eile is ea tromaíocht.

Breathnaíonn an scoil ar na nithe seo a leanas mar thromaíocht, má leantar leo ar feadh i bhfad:

i. Ionsaí fisiciúil, turraing, brú, cic, sonc a thabhairt do dhuine.
ii. Dochar do shealúchas, damáiste d'éadaí, do leabhar scoile nó do riachtanais scoile dhuine eile.
iii. Imeaglú ó bhéal - spochadh, magadh, maslú nó ainmneacha a ghlaoch ar pháiste eile.
iv. Cúlchaint, ráflaí, bagairt.
v. Scanrú.
vi. Aonrú.
vii. Geáitsíocht, comharthaí diúltacha.

**Comharthaí Tromaíochta**

Is iad seo cuid de na comharthaí ar chóir a bheith san airdeall fúthu:

i. Gan a bheith ag iarraidh taisteal nó dul ar scoil
ii. Meath ar dhul chun cinn in obair scoile
iii. Tinneas nó iompar neamh-mhínithe
iv. Marcanna neamh-mhínithe ar an gcorp
v. Comharthaí sofheicthe imní nó anacra (mar shampla: ag fliuchadh na leapa, tromluí, tadaireacht)
vi. Damáiste do shealúchas nó é a bheith ar iarraidh

Ní gá go mbeadh tromaíocht ar siúl sa chás go mbíonn na comharthaí thuas á dtaispeáint ach is fiú iniúchadh a dhéanamh ar an scéal má bhíonn siad leanúnach nó má tharlaíonn siad i dteannta a chéile.

**An Dalta atá Thíos Leis**

D'fhéadfadh sé/sí éirí mí-shocair ann/inti féin agus a bheith an-trí chéile. D'fhéadfadh an thromaíocht cur isteach ar fhéinmhuinín an pháiste. Caithfear a bheith san airdeall ar pháiste a fheictear mar 'difriúil' ach is féidir le dalta ar bith a bheith thíos leis an tromaíocht.

**An Dalta atá Taobh Thiar den Thromaíocht**
Is cosúil go bhfoghlaimíonn an dalta an t-iompar seo de ghnáth agus ní bhíonn mórán féin-mhuiníne acu. Is ag lorg airde orthu féin a bhíonn na daltaí seo go hiondúil agus is annamh a thuigeann siad torthaí a ngníomhachtaí. Is féidir le dalta ar bith tromaíocht a dhéanamh.

**Céimeanna chun Tromaíocht a Chosc agus chun Déileáil le Tromaíocht**
Aithníonn an scoil an ról lárnach atá ag tuismitheoirí sa bhaile aon sort tromaíochta, sa bhaile nó ar scoil, a chosc, agus tá ról ag an scoil freisin chun cur leis an dea-obair a dhéantar sa bhaile. Dá bhrí sin, beidh an Príomhoide agus an fhoireann teagaisc agus oibrithe na scoile san airdeall maidir le tromaíocht a chosc le linn am scoile.

Tá cláracha ar siúl sa scoil, ina measc Beo go Deo, Fan Slán agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte. Leagann na cláracha seo béim ar mheas, ar féin-mhuinín agus ar scileanna chun déileáil le tromaíocht. Déantar freagracht a chothú ar shábháilteacht agus chúram dhaltaí eile i ngach gné den scoil.

Mar go bhfásann tromaíocht san áit ina mbíonn neamhchinnteacht agus rúndacht, déantar na daltaí a spreagadh chun insint ar aon eachtra tromaíochta a tharlaíonn. Cuirtear i gcionn orthu gur iompar freagrach an insint sin.

Má thuigeann an múinteoir go bhfuil tromaíocht i gceist in aon insint ar thromaíocht, déanfar an eachtra a thaifeadadh ar Aladdin ag úsáid an teimpléad bulaíochta. Déanfaidh an múinteoir iniúchadh ar an scéal ar bhealach a éascóidh an próiseas don pháiste atá thíos leis. Beidh múinteoirí tuisceanach, socair, neamhchorraithe, neamhchlaonta ag déileáil le gach dalta atá bainteach leis an scéal.

Cuirfear an Príomhoide ar an eolas chomh luath agus is féidir.

Cuirfidh an múinteoir scéal abhaile ag tuismitheoirí gach dalta atá bainteach leis an scéal ionas gur féidir leo cabhrú lena ndaltaí déileáil leis an bhfadhb sula n-éiríonn cúrsaí níos measa.

Má thagtar ar an dtuairim gur tromaíocht a bhí i gceist déanfar iarracht cabhrú leis an dalta. Chomh maith le cabhrú leis na daltaí atá taobh thiar den thromaíocht, caithfear taobh an pháiste atá thíos léi a thuiscint agus cabhrú leis/léi de réir mar is gá.

Sa chás gur tromaíocht atá i gceist, beidh cruinniú ar leith ag an bpríomhoide agus/nó an Múinteoir Ranga leis na tuismitheoirí (ar an dá thaobh) chun an scéal a phlé agus chun a chinntiú go mbeidh tacaíocht ón mbaile do ghníomharthaí na scoile.

Ar chomhaontú leis na tuismitheoirí, d'fhéadfaí an dá thaobh a thabhairt le chéile le iarracht a dhéanamh an scéal a réiteach.

Cé go n-aithníonn an scoil go gcuireann na cláracha a múintear – Fan Slán, Beo go Deo agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte – le forbairt an pháiste, i gcothú féinmhuiníne agus i gcothú scileanna sóisialta, tuigeann an scoil freisin go bhféadfadh cabhair leanúnach a bheith ag teastáil lasmuigh den méid gur féidir a dhéanamh sa scoil, dóibh siúd a bhíonn thíos leis agus dóibh siúd a dhéanann an thromaíocht.

D'fhéadfaí déileáil le heachtraí tromaíochta faoi na forálacha atá leagtha amach faoi Mi-iompar Tromchúiseach thuas.

Tá treoir faoi leith sa scoil maidir le próisis ar líomhaintí tromaíochta. Tá cáipéis atá foilsithe ag an Roinn Oideachais ar fáil in oifig na scoile nó ón Roinn ( www.education.ie).

Déanfar athbhreithniú ar na céimeanna agus athrófar iad más gá chun a dtairbhe a mhéadú.

| **Sonraí** | **Cad a tharlaíonn má bhristear an riail?** | | |
|---|---|---|---|
| | ***An Chéad Uair*** | ***An Dara Uair*** | ***An Tríú Uair*** |
| Aon sort tromaíocht | Céim ar an cód iompar<br>Taifead déanta ar Aladdin ag úsáid an teimpléad tromaíocht<br>Cuirfear an oifig ar an eol. | | |
| Ionsaí Fisiciúil | Cuirfear an oifig ar an eol.<br>Páiste curtha abhaile láithreach.<br>Muna bhfuil tuistí ar fáil – Fionraí ar scoil. | Cuirfear an oifig ar an eol.<br>Curtha abhaile láithreach agus Fionraí ar scoil an lá dar gcionn.<br>Cruinniú lena tuismitheoirí. | Fionraí sa bhaile. Bord Bainistíocht curtha ar an eol.<br>Cruinniú práinneach leis na tuismitheoirí. |

Nótaí: Bíonn feachtas frith bhulaíochta atá bunaithe ar na sonraí atá ar fáil ar an suíomh **www.antibullyingcampaign.ie**

## 25. AGUISÍN 2 – Fón Pócaí

Mar chúlra don pholasaí seo, tá go leor deacrachtaí ag baint le fón póca na laethanta seo, ach go háirithe ón am a cuireadh ceamara iontu. Má tá fón póca ag páistí ar scoil, tá seans maith nach mbeidh siad ag díriú ar a gcuid oibre scoile. Is féidir leo (fóin) fadhbanna bulaíochta agus bulaíocht ar-líne a chothú. Ní mhothaímid go mbeadh an ceart ag aon pháiste (nó tuismitheoir) pictiúr a ghlacadh sa scoil gan cead ón scoil agus cinnte bheadh cead ag teastáil chun pictiúir a chuir suas ar an idirlíon (Facebook srl). Tá an polasaí Fóin Póca ar fáil ar suíomh idirlíon na scoile agus seo leanas na smachtbhannaí a bhaineann le mí-úsáid na bhfóin.

| Riail | Sonraí | Má bhristear an riail | | |
|---|---|---|---|---|
| | | An Chéad Uair | An Dara Uair | An Tríú Uair |
| **Cumarsáid** (Fóin Póca)<br><br>*Polasaí agus conradh fóin póca ar fáil.* | Caithfidh na páistí cead scríofa a fháil óna dtuismitheoirí fón póca a bheith acu ar scoil. Tuismitheoir sásta nach bhfuil freagracht ar an scoil má tharlaíonn aon rud don fón.<br><br>Fón pócaí le bheith curtha i mbosca sa tseomra ranga gach maidin. Aon duine atá déanach caithfidh siad an fón póca a fhágáil san oifig/oifig an phríomhoide agus é a bhailiú roimh am dul abhaile. | Fón póca coinnigh ag an scoil go dtí go mbailíonn na tuismitheoirí é. Conradh sínithe ag an pháiste agus na tuismitheoir nach mbeidh sé in úsáid ar scoil arís. | Fón póca coinnigh ag an scoil ar feadh **7 lá**. Má tá siad ag iarraidh é ar ais roimh sin beidh €5 le íoc.<br><br>Rachaidh an t-airgead chuig carthanacht. | Fionraí ar scoil agus na fón coinnigh ar feadh seacht lá. €5 le íoc chomh maith.<br><br>Rachaidh an t-airgead chuig carthanacht. |

# 26. AGUISÍN 3 - Fionraí, Díbirt agus Achomharc

**FIONRAÍ, DÍBIRT agus ACHOMHARC**

**Réamhrá**
Leagtar amach thíos faoi seo na treoirlínte maidir le daltaí a chur ar fionraí agus / nó a dhíbirt a chuimsíonn na nithe seo leanas:

- Dea-chleachtais a fhorbairt agus a thaifeadadh maidir le húsáid fionraí agus / nó díbirt;
- Gnáthaimh chóra a bheith ann le haghaidh imscrúdaithe agus cinnteoireachta;
- Gnáthaimh a bheith ann le tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir lena gceart achomhairc;
- Córas a bheith ann le haghaidh athbhreithnithe rialta ag an mBord Bainistíochta ar úsáid fionraí agus / nó díbirt sa scoil.

**Deimhnítear go dtagann na treoirlínte seo a leanfaidh an Bord Bainistíochta i gcás fionraí agus / nó díbirt leis na treoirlínte atá leagtha amach sa doiciméad 'Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna, BNLO.'**

**1. Gnáthaimh chóra bunaithe ar phrionsabail an cheartais aiceanta**
Tá dhá phríomhchuid ann i ngnáthaimh chóra agus aithnímid iad sin:

(i) an ceart go n-éistfí leat
(ii) an ceart go mbeifí neamhchlaonta i do leith.

An chiall atá leis an gceart go n-éistfí leat ná:

- an ceart atá agat a fháil amach an bhfuil iniúchadh á dhéanamh ar an mí-iompar líomhnaithe;
- an ceart atá agat sonraí na líomhaintí atá á ndéanamh i do choinne a fháil amach maille le haon eolas eile a chuirfear san áireamh;
- an ceart atá agat a fháil amach cén chaoi a ndéanfar an cheist a réiteach;
- an ceart atá agat freagra a thabhairt ar na líomhaintí;
- nuair is smachtbhanna tromchúiseach atá i gceist, an ceart atá agat éisteacht a fháil ón bhforas cinnteoireachta;
- nuair is smachtbhanna tromchúiseach atá i gceist, an ceart atá agat ceisteanna a chur ar aon pháirtí nó ar aon fhinné nuair atá díospóid ann faoi na fíricí.

An chiall atá leis an gceart go mbeifí neamhchlaonta i do leith ná:

- an ceart atá agat nach mbeadh aon chlaonta sa chinnteoir;
- an ceart atá agat go mbeadh an t-imscrúdú agus an chinnteoireacht neamhchlaonta.

Is é atá i gceist le próiseas neamhchlaonta ná próiseas ina mbunaítear an cinneadh ar mheastóireacht neamhchlaonta a dhéantar ar eolas agus ar fhianaise. Tríd is tríd, éilíonn an neamhchlaontacht go scarfaí an t-imscrúdú ón bpróiseas cinnteoireachta ionas go mbeadh an cinnteoir in ann aghaidh a thabhairt ar an gcás gan aon réamhthuairimí ina leith.

**2. Gnáthaimh chóra a chur i ngníomh sa scoil**
Sa scoil, baineann gnáthaimh chóra leo seo:

- imscrúdú ar mhí-iompar líomhnaithe a bhféadfadh fionraí nó díbirt eascairt as
- an próiseas cinnteoireachta maidir le
  (a) cibé acu an raibh an daltaí i bun mí-iompair nó nach raibh, agus

  (b) an smachtbhanna le gearradh.

Cuirfear san áireamh sa bhealach a fheidhmítear gnáthaimh chóra tromchúis an mhí-iompair líomhnaithe agus beidh aird aige ar céard atá réasúnta i gcomhthéacs na scoile seo.

Tá feidhm, i ngach cás, ag na prionsabail a chinntíonn an ceart atá agat go n-éistfí leat agus an ceart atá agat go mbeifí neamhchlaonta i do leith.

Ciallaíonn an ceart go n-éistfí leat go gcuirfí an daltaí agus a dtuismitheoirí / caomhnóirí go hiomlán ar an eolas maidir leis an líomhain agus leis na próisis a úsáidfear chun imscrúdú a dhéanamh ar an scéal agus teacht ar chinneadh, agus ní foláir deis a thabhairt dóibh freagairt don líomhain sula ndéantar cinneadh agus sula ngearrtar smachtbhanna tromchúiseach.

Ciallaíonn prionsabal na neamhchlaontachta sa chinnteoireacht go mbeadh sé níos fearr, nuair is féidir é, go socródh an Príomhoide go reáchtálfadh ball eile den fhoireann an t-imscrúdu agus go gcuirfí tuairisc iomlán ar fhíricí an cháis agus aon eolas iomchuí eile faoi bhráid an Phríomhoide. Ar an gcaoi seo bheadh an Príomhoide in ann cinneadh a dhéanamh cibé acu an raibh an daltaí i mbun an iompair agus faoin smachtbhanna, bunaithe ar an iniúchadh.

I gcás go n-éileodh na cúinsí go reáchtálfadh Príomhoide imscrúdú chomh maith le cinneadh a dhéanamh agus smachtbhanna a mholadh, ní foláir dó / di feidhmiú go cóir cothrom agus an dealramh a bheith air go bhfuil sé / sí ag feidhmiú go cóir cothrom. Tá sé mar dhualgas ar an bPríomhoide athbhreithniú a dhéanamh ar an imscrúdú chun a chinntiú go ndearnadh é a reáchtáil go cóir cothrom. Ba chóir go mbeadh sé follasach don mhac léinn, do thuismitheoirí, don fhoireann agus do mhic léinn eile go bhfuil an Príomhoide, agus é/í ag feidhmiú mar chinnteoir, ag bunú a c(h)innidh, ar bhealach oibiachtúil, ar thorthaí an imscrúdaithe.

De ghnáth ní cóir don duine atá ag líomhain an mhí-iompair, nó atá ina (h)íospartach, nó ina f(h)inné an t-imscrúdú a reáchtáil.

## FIONRAÍ

**1. An t-údarás daltaí a chur ar fionraí**

Tá údarás ag Bord Bainistíochta na scoile daltaí a chur ar fionraí. I gcásanna ina dtarmligean an Bord Bainistíochta an t-údarás seo don Phríomhoide, caithfidh an Bord é seo a dhéanamh go foirmiúil agus i scríbhinn.

Ní mór don údarás atá tarmligthe don Phríomhoide i ndáil le fionraí cur síos ar aon teorainn leis an údarás, agus sonrú cén chaoi a bhfuil an Príomhoide cuntasach don Bhord Bainistíochta ó thaobh a (h)úsáide ar an údarás sin.

**2. Na forais le haghaidh fionraí**

Ba chóir go mbeadh fionraí mar fhreagra comhréireach ar iompar is cúis imní. De ghnáth, déanfar iarracht tabhairt faoi idirghabháil eile roimh fhionraí, agus athbhreithneoidh foireann na scoile na fáthanna nach raibh ag éirí leis an idirghabháil sin. Éilítear sa chinnteoireacht go mbeadh forais thromchúiseacha ann chun an daltaí a chur ar fionraí – mar shampla:

- go raibh tionchar dochrach tromchúiseach ag iompar an mhic léinn ar oideachas nó iompar na daltaí eile;
- go bhfuil bagairt ann do shábháilteacht agus an daltaí ag fanacht sa scoil i láthair na huaire;
- go bhfuil an daltaí freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin.

Féadfaidh mí-iompar tromchúiseach amháin a bheith ina fhoras le duine a chur ar fionraí.

**3. A chinneadh cé chomh hoiriúnach is atá sé dalta a chur ar fionraí**

Is gá go mbeadh gach eolas de réir mar a shonraítear thíos (féach (i) go (xxv)) a bheith ar fáil roimh aon chinneadh maidir le cé chomh hoiriúnach is atá sé daltaí a chur ar fionraí

(ii) Cur síos beacht ar an iompar.
(iii) Cé chomh dianseasmhach is a bhí an t-iompar do-ghlactha?
(iv) An bhfuil fadhbanna iompair éirithe níos measa, in ainneoin na n-iarrachtaí idirghabhála?
(v) Cad iad na cúinsí inar tharla na heachtraí mí-iompair thromchúisigh (mar shampla sa rang, i rang múinteora áirithe, sa chlós, i ngrúpa)?
(vi) Cad iad na tarluithe a d'fhéadfadh mí-iompar tromchúiseach a chur sa siúl (m.sh. bulaíocht, gnéithe cultúrtha nó cúrsaí sa bhaile)?
(vii) Cad is aois don mhac léinn, cén staid forbartha ag a bhfuil sé/sí, cén cumas cognaíoch atá aige/aici?
(viii) An bhfuil cúiseanna ar bith atá ar eolas a bhféadfadh baint a bheith acu leis an iompar (m.sh. cúinsí ar leith sa bhaile, riachtanais speisialta oideachais)?
(ix) Cad é mar a théann iompar an mhic léinn i bhfeidhm ar mhic léinn agus ar fhoireann na scoile?
(x) Cén tionchar atá ag an iompar ar theagasc agus ar fhoghlaim sa rang?
(xi) An bhfuil tionchar áirithe nó níos mó ag an iompar ar mhic léinn agus ar mhúinteoirí ar leith?
(xii) An dtuigeann an daltaí tionchar a (h)iompair ar dhaoine eile?
(xiii) Cad iad na hiarrachtaí idirghabhála a rinneadh? Cén tréimhse a bhí i gceist?
(xiv) Cad é mar a rinneadh monatóireacht agus taifeadadh ar idirghabháil?
(xv) Cad iad torthaí na hidirghabhála seo?
(xvi) An raibh na tuismitheoirí bainteach le réiteach a fháil ar an iompar fabhtach?
(xvii) Ar iarradh idirghabháil SNCO (NEPS) nó aon mheasúnú nó chomhairleoireacht shíceolaíochta, nuair b'iomchuí?

(xviii) An bhfuil aon idirghabhálacha eile ar fáil amhail piara-eadráin, cineálacha cur chuige ceartais aisríoch nó teaghlach-chomhdháil?

(xix) An bhfuil an daltaí nó an tuismitheoir bainteach le haon seirbhís tacaíochta agus ar iarradh ar an ngníomhaireacht nó ar an tseirbhís tacaíochta seo le haghaidh cúnaimh chun an fhadhb seo a réiteach?

(xx) Ar lorgaíodh cúnamh ar aon ghníomhaireacht eile (mar shampla, An Chlinic um Threoir Daltaí, na seirbhísí Daltaí agus Ógánach)?

(xxi) An bhfuil fionraí tuillte ag an daltaí de bharr an iompair?

(xxii) An bhfuil an caighdeán atá in úsáid chun an t-iompar a mheas mar an gcéanna leis an gcaighdeán atá in úsáid chun iompar aon mhic léinn eile a mheas?

(xxiii) An gceadóidh an fhionraí d'idirghabhálacha breise nó malartacha?

(xxiv) An gcuideoidh an fhionraí leis an daltaí a (h)iompar míchuí a athrú?

(xxv) Cén chaoi a gcabhróidh an fhionraí le múinteoirí nó le daltaí eile a ndeachaigh an t-iompar i bhfeidhm orthu?

(xxvi) An rachaidh aon leochaileacht oideachais sa mhac léinn in olcas de bharr na fionraí?

**4. Fionraí mar chuid de phlean bainistíochta iompair**

Ba chóir d'fhionraí bheith mar chuid de phlean chun dul i ngleic le hiompar an dalta. Ba chóir don fhionraí:

- cuidiú leis an scoil spriocanna iompair a chur ar bun leis an daltaí agus lena t(h)uismitheoirí;
- deis a thabhairt d'fhoireann na scoile idirghabháil eile a phleanáil;
- tromchúis an iompair a chur ina luí ar an daltaí agus ar a t(h)uismitheoirí.

**5. Cineálacha fionraí**

**i. Fionraí láithreach**

I gcúinsí eisceachtúla féadfaidh an Príomhoide a bhreithniú go bhfuil fionraí láithreach oiriúnach i gcás ina léireofaí go mbeadh láithreacht leantach an mhic léinn ag an am sin mar fhíorbhagairt do shábháilteacht na daltaí nó foirne na scoile, nó do dhuine ar bith eile. Ní foláir gnáthaimh chóra a chur i bhfeidhm i gcónaí.

**Úsáid mhíchuí fionraí láithreach**

De ghnáth ní chuirfí dalta ar fhionraí ar na cúiseanna seo a leanas:

- drochfheidhmíocht acadúil;
- drochfhreastal scoile nó a bheith mall;
- mionsáruithe ar an gcód iompair.

Is tromchúiseach an scéal é, ámh, má tá iompar leanúnach ann a chuireann isteach ar fhoghlaim agus a d'fhéadfadh a bheith dainséarach. Ní foláir scrúdú a dhéanamh ar iompar agus é i gcomhthéacs chun tuiscint a fháil ar an iompar féin agus ar an bhfreagra nó an smachtbhanna is iomchuí sa chás áirithe sin.

**ii. Fionraí ar bhonn atrátha**

Ní cóir an daltaí a chur ar fionraí arís go luath tar éis dó/di filleadh ar an scoil tar éis tréimhse fionraí eile ach amháin i gcás:

- o go bhfuil siad i mbun mí-iompair thromchúisigh a bhfuil gá an daltaí a chur ar fionraí dá bharr;
- o go bhfuil gnáthaimh chóra á gcomhlíonadh ina n-iomláine;

- o gurb ionann an caighdeán atá curtha i bhfeidhm chun an t-iompar a bhreithniú agus an caighdeán atá curtha i bhfeidhm chun iompar daltaí ar bith eile a bhreithniú.

iii. **Fionraí neamhfhoirmiúil nó neamhadmhálach**
Is é atá i gceist le fionraí ná daltaí a eisiamh ar feadh roinnt den lá scoile, mar smachtbhanna, nó iarraidh ar thuismitheoirí leanbh a choinneáil ón scoil. Ba chóir go mbreathnódh an scoil agus na tuismitheoirí ar aon eisiamh a éilíonn an scoil mar fhionraí, agus caithfear na Treoirlínte a bhaineann le fionraí a chomhlíonadh.

**6. Nósanna imeachta i ndáil le fionraí**

Éilítear ar scoileanna de réir dlí cloí le gnáthaimh chóra nuair atá sé beartaithe acu daltaí a chur ar fionraí. Nuair a dhearbhaíonn réamh-mheasúnú ar na fíricí gur tharla mí-iompar tromchúiseach a bhféadfaí fionraí a ghearradh dá bharr, ba chóir don scoil na nósanna imeachta seo a leanas a urramú:

- an daltaí agus a t(h)uismitheoirí a chur ar an eolas maidir leis an ngearán;
- an deis a thabhairt do thuismitheoirí agus do mhic léinn freagra a thabhairt.

**7. An daltaí agus na tuismitheoirí a chur ar an eolas**

Cuir an daltaí agus na tuismitheoirí ar an eolas maidir leis an ngearán, an chaoi a ndéanfar imscrúdú air agus go bhféadfadh fionraí a bheith mar thoradh air. Féadfar tuismitheoirí a chur ar an eolas ar an teileafón, nó i scríbhinn, ag brath ar thromchúis an iompair. Tá buntáiste ag baint le tuismitheoirí a chur ar an eolas i scríbhinn sa mhéid go gcinntíonn sé seo go bhfuil taifead foirmiúil buan ann a chuireann an scéal i bhfios do na tuismitheoirí. Chomh maith leis sin, cinntíonn sé go bhfuil na tuismitheoirí soiléir maidir leis na nithe atá á gcur i leith a mic/n-iníne.

Moltar, dá réir, in aon chás go gcuirtear tuismitheoirí ar an eolas thar teileafón go gcuirtear nóta i scríbhinn leis an dtaifead ag deimhniú ina dtugtar sonraí an chomhrá thar guthán leis na tuismitheoirí.

Tá feidhm thábhachtach aige seo sa mhéid go leagann sé béim do na tuismitheoirí ar a thromchúisí is a cheapann an scoil an t-iompar seo a bheith.

**8. Deis freagra a thabhairt**

Ba chóir an deis a thabhairt do thuismitheoirí agus don mhac léinn freagra a thabhairt sula nglactar cinneadh nó sula ngearrtar smachtbhanna.

Is deis mhaith cruinniú a bheith ann leis an daltaí agus leis na tuismitheoirí ionas gur féidir leo a scéal a insint agus ceisteanna a chur faoin bhfianaise gur tharla mí-iompar, go háirithe nuair atá díospóid ann faoi na fíricí. Chomh maith leis sin, féadfaidh sé a bheith ina dheis do na tuismitheoirí a gcás a chur i láthair maidir leis an gcaoi is fearr dul i ngleic le hiompar an mhic léinn. Má theipeann ar mhac léinn agus a dtuismitheoirí freastal ar chruinniú, ba chóir don Phríomhoide scríobh chucu ag cur in iúl dóibh go bhfuil an scéal tromchúiseach, go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le freastal ar chruinniú athsceidealaithe agus, má theipeann orthu sin a dhéanamh, go mbeidh dualgas ar údaráis na scoile cinneadh a ghlacadh freagairt don iompar diúltach. Ba chóir don scoil taifead a choinneáil de na cuirí a seoladh chuig na tuismitheoirí agus na freagraí a fuarthas uathu.

**9. Nósanna imeachta i ndáil le fionraí láithreach**

I gcás go mbreithníonn an Príomhoide gur chóir daltaí a chur ar fionraí láithreach, ar mhaithe le sábháilteacht an mhic léinn, na foirne nó daoine eile, ba chóir réamh-imscrúdú a reáchtáil chun cás a

bhunú a thacódh leis an bhfionraí. Ba chóir don imscrúdú foirmiúil gearradh na fionraí a leanúint.

Beidh feidhm láithreach ag gach coinníoll a ghabhann le fionraí. Ní cóir d'aon fhionraí, lena n-áirítear fionraí láithreach, a bheith gan teorainn ama.

I gcás fionraí a ghearrfaí láithreach, ní foláir tuismitheoirí a chur ar an eolas, agus socruithe a dhéanamh leo go mbaileofaí an daltaí. Ní foláir don scoil aird a bheith aici ar a dualgas cúraim i leith an mhic léinn. Ní cóir daltaí a sheoladh abhaile choíche gan na tuismitheoirí a chur ar an eolas ar dtús.

**10. Tréimhse na fionraí**

Ní cóir an daltaí a chur ar fionraí ar feadh tréimhse níos níos faide ná trí lá, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla ina bhfuil an Príomhoide den tuairim go bhfuil tréimhse níos faide ná trí lá de dhíth chun cuspóir áirithe a bhaint amach. Má bhíonn fionraí níos faide ná trí lá á meas, caithfear an t-ábhar a atreorú chuig an mBord Bainistíochta chun breithniú agus faomhadh a dhéanamh air, ag cur na gcúinsí in iúl maille leis na torthaí measta.

Féadfaidh gur mhaith leis an mBord Bainistíochta, ámh, an Príomhoide a údarú, le ceadú Chathaoirleach an Bhoird, fionraí a ghearradh ar feadh tréimhse suas le cúig lá i gcás nach féidir cruinniú Boird a thionól go tráthúil, faoi réir na treorach a bhaineann lena leithéid d'fhionraí.

De ghnáth ba chóir don Bhord Bainistíochta teorainn deich lá a chur le tréimhse amháin fionraí ar bith. Ba chóir don Bhord athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar mholadh ar bith chun daltaí a chur ar fionraí, i gcás gurb ionann an fionraí iomlán agus níos mó ná fiche lá as láthair sa scoilbhliain reatha. Tá fionraí mar seo faoi réir achomhairc faoi alt 29 den Acht Oideachais, 1998.

Tugann na forálacha seo an deis don mhac léinn machnamh ar a n-iompar ach gan an iomarca ama a chailliúint ar scoil. Tugann siad aitheantas do thromchúis an smachtbhanna agus cinntíonn go léirítear an tromchúis seo i nósanna imeachta na scoile. Ciallaíonn na forálacha gur féidir leis an mBord Bainistíochta an fhreagracht deiridh a ghlacadh maidir le smachtbhannaí ar feadh tréimhsí fada, go háirithe mar go bhféadfadh a leithéid seo d'fhionraí fiche lá as láthair i scoilbhliain a shroicheadh agus mar sin go bhféadfaí achomharc a dhéanamh.

**11. Achomhairc**

Ba chóir don Bhord Bainistíochta deis a thabhairt achomharc a dhéanamh ar chinneadh Príomhoide daltaí a chur ar fionraí. I gcás cinntí a dhéanann an Bord Bainistíochta daltaí a chur ar fionraí féadfaidh an Pátrún próiseas achomhairc a sholáthar.

**Achomharc Alt 29**

Nuair a bhíonn daltaí curtha ar fionraí ag scoil ar feadh tréimhse a thabharfadh iomlán na fionraí ar an daltaí sin go 20 lá scoile sa scoilbhliain reatha, is féidir leis na tuismitheoirí, nó le daltaí atá 18 mbliana d'aois nó níos mó, cur isteach ar achomharc faoi alt 29 den Acht Oideachais, 1998, arna leasú ag an Acht Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007.
Ag an am a mbíonn fionraí á cur in iúl do na tuismitheoirí, caithfear insint dóibh agus don mhac léinn faoina gceart achomhairc d'Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, faoi alt 29 den Acht Oideachais, 1998 agus caithfear eolas a thabhairt ar an dóigh chun achomharc a dhéanamh.

**12. An fionraí a chur i ngníomh - Fógra i scríbhinn**

Ní foláir don Phríomhoide fógra i scríbhinn a thabhairt do na tuismitheoirí agus don mhac léinn maidir leis an gcinneadh é/í a chur ar fionraí. Caithfidh an litir na nithe seo a leanas a dhearbhú:

- tréimhse na fionraí agus na dátaí ar a dtosóidh agus ar a gcríochnóidh an fhionraí;
- fáthanna na fionraí;
- clár staidéir ar bith le leanúint;
- socruithe ar fhilleadh ar scoil, agus gealltanais ar bith a gcaithfidh an daltaí agus na tuismitheoirí a thabhairt (mar shampla d'fhéadfaí iarraidh ar na tuismitheoirí athdhearbhú a dhéanamh ar a dtiomantas don chód iompair);
- foráil achomhairc don Bhord Bainistíochta;
- foráil achomhairc don CG, más iomchuí
- ceart achomhairc d'Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (an tAcht Oideachais, 1998, alt 29).

Ba chóir an litir a scríobh i stíl ar féidir leis na tuismitheoirí í a thuiscint. Caithfear aird ar leith a thabhairt ar an gcumarsáid le tuismitheoirí faoina bhfuiltear ar an eolas go bhfuil deacrachtaí léitheoireachta acu, nó i gcás tuismitheoirí nach í teanga na scoile an phríomhtheanga acu.

**13. Teagmháil le daltaí agus tuismitheoirí**

I gcás go gcinntear daltaí a chur ar fionraí, is féidir uasleas a bhaint as an deis ach cruinniú a bheith ann idir an Príomhoide nó ball foirne eile agus na tuismitheoirí agus béim a leagan ar a bhfreagracht cuidiú leis an daltaí iad féin a iompar go maith ar fhilleadh chun na scoile dóibh agus treoir a thairiscint dóibh maidir leis seo.

I gcás go ndiúltaíonn na tuismitheoirí bualadh leis an bPríomhoide, beidh an fógra scríofa ina fhógra go bhfuil fionraí á ghearradh.

**14. Forais chun deireadh a chur le fionraí**

Is féidir deireadh a chur le fionraí má chinneann an Bord Bainistíochta an fhionraí a bhaint ar aon chúis nó má threoraíonn Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta don scoil an fhionraí a bhaint faoi alt 29 den Acht Oideachais, 1998.

**15. I ndiaidh na fionraí**

Cuirfear deireadh le fionraí ar an dáta a luadh i litir fhoirmiúil fógra do na tuismitheoirí faoin bhfionraí.

**16. An daltaí a ath-imeascadh**

Ba chóir don scoil plean a bheith aici le cuidiú leis an daltaí ath-imeascadh ina rang nó ina b(h)liainghrúpa, agus chun teacht suas le hobair scoile a chaill an daltaí. Cuideoidh an plean seo a chinntiú nach gcuirfidh fionraí leis an teip acadúil. Caithfear tacaíocht a thabhairt don mhac léinn freagracht a ghlacadh as teacht suas leis an obair acadúil. Ní obair acadúil amháin atá i gceist leis an ath-imeascadh. D'fhéadfadh an daltaí a bhrath feargach nó doicheallach i leith na fionraí, agus is féidir leis na mothúcháin seo tús a chur le fadhbanna le hath-imeascadh agus leanúint le fadhbanna iompair. Nuair is féidir, ba chóir don scoil socrú le ball foirne tacaíocht a thabhairt don mhac léinn le linn phróiseas an ath-imeasctha.

**17. Scláta glan**

Nuair a chuirtear deireadh le smachtbhanna ar bith, agus fionraí san áireamh, caithfear deis a thabhairt don daltaí agus tacú leis/léi tosú as an nua. Cé go gcaithfear taifead a choinneáil ar an iompar agus ar smachtbhanna ar bith a cuireadh i bhfeidhm, a luaithe is a chuirtear deireadh leis an

smachtbhanna, ní mór don scoil na hionchais chéanna a bheith aici maidir leis an daltaí seo agus atá aici maidir le gach daltaí eile i dtaca le hiompar.

**18. Taifid agus tuairiscí**
Ba chóir taifid fhoirmiúla/scríofa a choinneáil ar:

- an imscrúdú (agus nótaí ar gach agallamh);
- an bpróiseas cinnteoireachta;
- an gcinneadh agus réasúnaíocht an chinnidh;
- fhad na fionraí agus coinníollacha ar bith ceangailte leis an bhfionraí.

Ba chóir don Phríomhoide tuairisc a thabhairt ar gach fionraí don Bhord Bainistíochta.

Tá sé de cheangal ar an bpríomhoide fionraithe a thuairisciú de réir threoirlínte tuairiscithe an BNLO (An tAcht Oideachais (Leas), 2000, alt 21(4)(a)).

**Athbhreithniú ar úsáid fionraí**
Ba chóir don Bhord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid fionraí sa scoil ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil a húsáid i gcomhréir le polasaithe na scoile, go ndéanfar pátrúin a scrúdú chun gnéithe a shainaithint a bhfuil tionchar acu ar iompar sa scoil agus a chinntiú go bhfuil úsáid fionraí comhréireach agus éifeachtach.

**DÍBIRT**

**1. An t-údarás daltaí a dhíbirt**
Tá údarás ag an mBord Bainistíochta, agus ag an mBord Bainistíochta amháin, daltaí a dhíbirt ón scoil.

**2. Na forais le haghaidh díbeartha**
Ba chóir go mbeadh díbirt ina fhreagra comhréireach ar iompar an mhic léinn.
Ba chóir don scoil bheith tar éis bearta suntasacha a chur i bhfeidhm le dul i ngleic leis an mí-iompar chun díbirt an mhic léinn a sheachaint.

Éilíonn moladh chun daltaí a dhíbirt forais thromchúiseacha.

Féadfaidh na forais le haghaidh díbeartha a bheith cosúil leis na forais le haghaidh fionraí. Chomh maith leis na tosca amhail tromchúis agus leanúnachas an iompair, an difríocht is mó eatarthu ná i gcás díbeartha go bhfuil na húdaráis scoile tar éis triail a bhaint as raon idirghabhálacha, agus go bhfuil siad den tuairim go bhfuil na féidearthachtaí go léir cíortha acu le hathrú ar iompar an mhic léinn a bhaint amach.

**3. Díbirt do chéad chion**
Is féidir go mbeadh cúinsí eisceachtúla ann ina mbíonn an Bord Bainistíochta den tuairim go gcaithfear an daltaí a dhíbirt do chéad chion. Seo a leanas na cásanna ina mbeadh sin amhlaidh

- bagairt thromchúiseach foréigin in aghaidh daltaí eile nó baill foirne;

- foréigean nó ionsaí iarbhír;
- ag soláthar drugaí mídhleathacha do dhaltaí eile sa scoil;
- ionsaí gnéasach.

**4. Cinneadh a dhéanamh cé chomh hoiriúnach is atá sé daltaí a dhíbirt**
Ba chóir don Bhord Bainistíochta athbhreithniú an-sonrach a dhéanamh ar raon tosca nuair atá cinneadh á ghlacadh acu daltaí a dhíbirt.

**5. Nósanna imeachta i ndáil le díbirt**
Nuair atá sé beartaithe daltaí a dhíbirt ón scoil d'áireodh na céimeanna gnásúla iad seo a leanas:

(i) Imscrúdú sonrach faoi stiúir an Phríomhoide.
(ii) Moladh ón bPríomhoide chuig an mBord Bainistíochta.
(iii) Breithniú an Bhoird Bhainistíochta ar mholadh an Phríomhoide, agus éisteacht a reáchtáil.
(iv) Breithniúcháin an Bhoird Bhainistíochta agus bearta i ndiaidh na héisteachta.
(v) Comhairliúcháin arna n-eagrú ag an Oifigeach Leasa Oideachais.
(vi) Dearbhú ar na gcinneadh an daltaí a dhíbirt.

Is don Bhord Bainistíochta é cinneadh a dhéanamh cad iad na tascanna sna céimeanna gnásúla seo a mbeadh gá cruinnithe ar leithligh a bheith ann dóibh agus cad iad na tascanna a bhféadfaí iad a chur i gcrích i gcruinniú amháin, i gcomhréir le fógra cuí a thabhairt do thuismitheoirí agus am cóir réasúnta a thabhairt d'éisteacht Boird.

**Céim 1 - Imscrúdú sonrach arna sheoladh faoi stiúir an Phríomhoide**
Agus imscrúdú á dhéanamh ar líomhain, de réir gnáthamh cóir, ba chóir don Phríomhoide:

- an daltaí agus na tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin mhí-iompar líomhnaithe, an chaoi a ndéanfar imscrúdú air agus go bhféadfadh díbirt a bheith mar thoradh air sin;
- gach deis a thabhairt do na tuismitheoirí agus don mhac léinn freagairt don ghearán go raibh mí-iompar tromchúiseach ann sula nglacfaí cinneadh smachtbhanna a ghearradh.

Ba chóir tuismitheoirí a chur ar an eolas i scríbhinn maidir leis an mí-iompar líomhnaithe agus an t-imscrúdú atá beartaithe ionas go mbeadh taifead buan acu gur cuireadh é seo in iúl dóibh.

Ba chóir go mbeadh gach deis ag na tuismitheoirí agus an daltaí freagairt don ghearán go raibh mí-iompar tromchúiseach i gceist sula nglacfar cinneadh maidir le fírinne na líomhna, agus sula ngearrtar smachtbhanna. I gcás go bhféadfadh díbirt a bheith mar thoradh ar an imscrúdú, tá sé riachtanach go mbeadh cruinniú ann leis an daltaí agus na tuismitheoirí.

Má theipeann ar mhac léinn agus a dtuismitheoirí freastal ar chruinniú, ba chóir don Phríomhoide scríobh chucu ag cur in iúl dóibh go bhfuil an scéal tromchúiseach, go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le freastal ar chruinniú athsceidealaithe agus, má theipeann orthu sin a dhéanamh, go mbeidh dualgas ar údaráis na scoile cinneadh a ghlacadh freagairt don iompar diúltach. Ba chóir don scoil taifead a choinneáil de na cuirí a seoladh chuig na tuismitheoirí agus na freagraí a fuarthas uathu.

**Céim 2 - Moladh ón bPríomhoide chuig an mBord Bainistíochta**
I gcás go bhfuil an Príomhoide den tuairim, bunaithe ar an imscrúdú ar an mí-iompar líomhnaithe, go bhfuil díbirt tuillte ag an daltaí, cuireann an Príomhoide moladh faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta díbirt a bhreithniú. Ba chóir don Phríomhoide:

- a chur in iúl do na tuismitheoirí agus don mhac léinn go bhfuil iarrtha ar an mBord Bainistíochta díbirt a bhreithniú;
- a chinntiú go bhfuil taifid ag na tuismitheoirí: ar na líomhaintí in aghaidh an mhic léinn; ar an imscrúdú; agus ar fhógra scríofa de na forais ar a bhfuiltear ag iarraidh ar an mBord Bainistíochta díbirt a bhreithniú;
- na taifid chuimsitheacha chéanna a sholáthar don Bhord Bainistíochta a tugadh do na tuismitheoirí;
- na tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir le dáta na héisteachta a bheidh á reáchtáil ag an mBord Bainistíochta agus cuireadh a thabhairt dóibh freastal ar an éisteacht sin;
- comhairle a chur ar na tuismitheoirí gur féidir leo aighneachtaí scríofa agus ó bhéal a chur faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta;
- a chinntiú gur tugadh dóthain fógra do na tuismitheoirí ionas go bhféadfaidís ullmhú don éisteacht.

**Céim 3 - Breithniú an Bhoird Bhainistíochta ar mholadh an Phríomhoide; agus éisteacht a reáchtáil**

Tá sé mar fhreagracht ar an mBord athbhreithniú a dhéanamh ar an réamh-imscrúdú agus a bheith deimhin de gur reáchtáladh an t-imscrúdú i gceart de réir gnáthaimh chóra.

I gcás go gcinneann Bord Bainistíochta daltaí a dhíbirt, ní foláir dó éisteacht a reáchtáil. Ba chóir an cruinniú Boird a úsáidtear d’fhonn éisteacht a bheith ann a reáchtáil de réir nósanna imeachta an Bhoird. Ag an éisteacht, cuireann an Príomhoide agus na tuismitheoirí, nó an daltaí atá ocht mbliana déag d’aois, nó níos sine, a gcás os comhair an Bhoird i láthair a chéile. Ba chóir an deis a thabhairt do gach páirtí a gcás a dhéanamh agus cead a bheith acu fianaise an pháirtí eile a cheistiú.

Féadfaidh an cruinniú deis a thabhairt freisin do thuismitheoirí a gcás a dhéanamh le go maolófaí an smachtbhanna. Agus an éisteacht á reáchtáil, ba chóir don Bhord a bheith cúramach a chinntiú go bhfuil siad neamhchlaonta agus go bhfuil an chuma air go bhfuil siad neamhchlaonta, amhail idir an Príomhoide agus an daltaí. D’fhéadfadh gur mhian leis na tuismitheoirí duine a bheith leo ag an éisteacht agus ba chóir don Bhord é seo a éascú, ag teacht leis an deachleachtas agus de réir nósanna imeachta an Bhoird.

Tar éis don Bhord an dá thaobh den scéal a chlos ba chóir dó a chinntiú nach bhfuil an Príomhoide agus na tuismitheoirí i láthair i rith bhreithniúcháin an Bhoird.

**Céim 4 - Breithniúcháin an Bhoird Bhainistíochta agus bearta i ndiaidh na héisteachta**

Tar éis don Bhord clos ó na páirtithe uile, tá sé mar fhreagracht ar an mBord a chinneadh cibé acu an bhfuil bunús leis an líomhain agus, má tá, cibé acu an cóir an daltaí a dhíbirt nó nach cóir.

I gcás go bhfuil fíricí uile an cháis breithnithe ag an mBord Bainistíochta, agus go bhfuil an Bord den tuairim gur chóir an daltaí a dhíbirt ní foláir don Bhord fógra a thabhairt don Oifigeach Leasa Oideachais I scríbhinn, agus na cúiseanna atá leis an tuairim seo (An tAcht Oideachais (Leas), 2000, a24(1)). Ba choir don Bhord Bainistíochta tagairt do nósanna imeachta tuairiscithe an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais nuair atá sé beartaithe daltaí a dhíbirt. Ní féidir an daltaí a dhíbirt go dtí go bhfuil fiche lá caite ón lá ar a bhfaigheann an OLO an fógra i scríbhinn (An tAcht Oideachais (Leas), 2000, a24(1)).

Éireoidh le hachomharc in aghaidh díbeartha, go huathoibríoch faoi alt 29 den Acht Oideachais, 1998 más féidir a léiriú nár cuireadh an tOifigeach Leasa Oideachais ar an eolas de réir alt 24(1) nó nach

bhfuil fiche lá caite ón dáta a fuair an tOifigeach Leasa Oideachais fógra go dtí cur i ngníomh na díbeartha (An tAcht Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007, a4A).

Ba chóir don Bhord a chur in iúl do thuismitheoirí i scríbhinn faoina thátail agus na chéad chéimeanna eile sa phróiseas. Nuair atá sé beartaithe daltaí a dhíbirt ba chóir go ndéarfaí leis na tuismitheoirí go bhfuiltear anois chun é a chur in iúl don Oifigeach Leasa Oideachais.

**Céim 5 - Comhairliúcháin arna n-eagrú ag an Oifigeach Leasa Oideachais**
Laistigh de thréimhse fiche lá ón dáta ar a bhfaigheann Oifigeach Leasa Oideachais fógra ó Bhord Bainistíochta go bhfuil sé beartaithe acu daltaí a dhíbirt, ní foláir don Oifigeach Leasa Oideachais:

- gach iarracht réasúnta a dhéanamh comhairliúcháin aonair a bheith ann leis an bPríomhoide, leis na tuismitheoirí agus leis an daltaí, agus le haon duine eile a d'fhéadfadh cabhair a thabhairt;
- cruinniú a thionól leis na páirtithe a aontaíonn a bheith i láthair (An tAcht Oideachais (Leas), 2000, alt 24).

An chuspóir atá leis na comhairliúcháin agus leis an gcruinniú ná a chinntiú go ndéantar socruithe le go leanfadh an daltaí lena n-oideachas. D'fhéadfadh comhaontú a bheith mar thoradh ar na comhairliúcháin seo maidir le hidirghabháil mhalartach a sheachnódh díbirt. I gcás nach bhfuil sé de rogha leanúint ar aghaidh sa scoil, ámh, sa ghearrthéarma ar aon chuma, ba chóir don chomhairliúchán díriú ar fhéidearthachtaí oideachais eile.

Ar mhaithe le leas oideachais an mhic léinn, ba chóir dóibh siúd atá páirteach sa chás teacht le chéile leis an Oifigeach Leasa Oideachais agus pleanáil le haghaidh todhchaí oideachais an mhic léinn.

Go dtí go gcríochnófar na comhairliúcháin seo faoi leanúnachas an mhic léinn san oideachas, féadfaidh an Bord Bainistíochta céimeanna a ghlacadh chun a chinntiú go gcoinnítear smacht agus go gcinntítear sábháilteacht na daltaí (An tAcht Oideachais (Leas), 2000, a45(5)). Féadfaidh an Bord a bheith den tuairim go bhfuil sé oiriúnach an daltaí a chur ar fionraí ag an am seo. Ní cóir fionraí a bhreithniú ach amháin más dócha go gcuirfeadh sé isteach go mór ar fhoghlaim na daltaí eile dá bhfanfadh an daltaí seo sa scoil, nó go bhfuil bagairt ann do shábháilteacht na daltaí eile nó na foirne.

**Céim 6 - Dearbhú ar na gcinneadh an daltaí a dhíbirt**
Tar éis na tréimhse fiche lá tar éis don Oifigeach Leasa Oideachais fógra a fháil, agus i gcás go bhfuil an Bord Bainistíochta fós den tuairim gur chóir an daltaí a dhíbirt, dearbhóidh an Bord Bainistíochta i scríbhinn go bhfuil sé cinnte acu an daltaí a dhíbirt (d'fhéadfaí an tasc seo a tharmligean ar an gCathaoirleach nó ar an bPríomhoide). Ba chóir na tuismitheoirí a chur ar an eolas láithreach go bhfuiltear chun dul ar aghaidh leis an díbirt. Ba chóir insint do thuismitheoirí agus do mhic léinn faoin gceart atá acu chun achomhairc agus foirm chaighdeánach a sholáthar dóibh ar a bhféadfaidís a n-achomharc a thaisceadh. Ba chóir taifead foirmiúil a choinneáil den chinneadh daltaí a dhíbirt.

**Achomharc**

Is féidir le tuismitheoir, nó le daltaí atá níos sine ná ocht mbliana déag d'aois, achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh díbeartha d'Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, (faoin Acht Oideachais, 1998, alt 29).

Is féidir achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais ar son daltaí.

**1. An próiseas achomhairc**

Tosaíonn an próiseas faoi alt 29 den Acht Oideachais, 1998 le hidirghabháil á soláthar ag idirghabhálaí ceaptha ag an gCoiste Achomhairc (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta). Le tuilleadh eolais a fháil faoin bPróiseas Achomharc, agus riachtanais le haghaidh doiciméadúcháin agus na céimeanna sa phróiseas, féach treorú reatha na Roinne Oideachais agus Scileanna.

**2. Athbhreithniú ar úsáid díbeartha**

Ba chóir don Bhord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid díbeartha sa scoil ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil a húsáid i gcomhréir le polasaithe na scoile, go ndéanfar pátrúin úsáide a scrúdú chun gnéithe a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith ag imirt tionchair ar iompar sa scoil agus a chinntiú go n-úsáidtear díbirt go hiomchuí.

**Nóta Breise - Drochiompar Tromchúiseach**

Déanfar teagmháil le tuismitheoirí i gcás dhrochiompair. Socrófar coinne idir na tuismitheoirí agus an múinteoir ranga. Socróidh an múinteoir agus na tuismitheoirí conas an mí-iompar a cheartú.

Má leanann an drochiompar ar aghaidh iarrfar ar na tuismitheoirí coinne a dhéanamh leis an bpríomhoide agus an múinteoir ranga. Cuirfear plean scoile/baile i bhfeidhm agus déanfar athbhreithniu rialta ar an bplean seo.

Má bhíonn trí eachtra drochiompair tromchúisigh nó drochiompar leanúnach iarrfar ar na tuismitheoiri/caomhnóirí an fhadhb a phlé leis an bpríomhoide agus le Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta nó lena hionadaí. D'fhéadfadh sé seo tarlú tar éis eachtra amháin má mheasann an Príomhoide gur gá.

Má fheiceann an Príomhoide go bhfuil gá le dalta a chur ar fionraí ón scoil caithfear cead a fháil on mBord Bainistíochta. Má thagann an cead sin ón mBord:

i) Cuirfidh an Príomhoide an cinneadh in iúl do na tuismitheoirí.
ii) Ní rachaidh an chéad tréimhse thar lá amháin, an dara ceann thar dhá lá is rl. ach amháin sa chás go mbraitheann an Bord Bainistíochta go bhfuil gá le tréimhse níos faide.
iii) Ag deireadh an tréimhse fionraithe caithfidh na tuismitheoirí teacht ar scoil leis an bdalta chun gealltanas a thabhairt go mbeidh caighdeán iompair i bhfad níos fearr le sonrú.
iv) Mura bhfuil feabhas sásúil le sonrú in iompar an pháiste, agus más gá, cuirfidh an Príomhoide an dalta ón scoil, faoi fhorálacha an Acht Oideachais 1998.

Beidh sé de chead ag na tuismitheoirí achomharc a dhéanamh i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Bhoird laistigh de 48 uair a chloig ó eolas a fháil faoi chinneadh dalta a chur ar fionraí nó a dhíbirt ón scoil.

Is ceadmhach do thuismitheoirí achomharc a lorg faoin gcóras atá i bhfeidhm faoi fhorálacha Mhíreanna 28 agus 29 den Acht Oideachais 1998

## 27. AGUISÍN 4 – An Ráiteas Straitéise Faoi Fhreastal Scoile a Fhorbairt

## 28. AGUISÍN 5 - Admháil an Tuismitheora/Caomhnóir (Admháil na dtuismitheoirí / gcaomhnóirí)

Ní mór do thuismitheoirí an Cód Iompair seo a léamh ina iomláine. A luaithe agus atá sin déanta agus nuair atá tú deimhin de gur thuig tú ábhar an chóid, sínigh an doiciméad thíos, cuir an dáta leis agus cuir an leathanach comhlánaithe seo ar aghaidh chuig Leah Ní Mhaoláin, Príomhoide, Gaelscoil Uí Earcáin.

Má tá aon cheist agat maidir le hábhar an chóid, ní mór duit na ceisteanna sin a chur faoi

bhráid an Phríomhoide i scríbhinn lena fhreagairt.

---

Ba mhaith liom a dhearbhú gur léigh mé agus gur thuig mé an t-eolas sa Chód Iompair seo, agus aontaím cloí leis na polasaithe agus na nósanna imeachta arna leagan amach sa cháipéis. Tá mé tar éis aon fhiosrúchán a bhí agam i ndáil le haon chuid den chód a chur faoi bhráid an Phríomhoide, agus freagraíodh na fiosrúcháin sin go sásúil. Aontaím, thar mo cheann féin agus thar ceann mo pháiste / í, a bheith faoi cheangal na gceanglas arna leagan amach sa chód seo agus aon leasúchán a dhéanfar air amach anseo a d'fhéadfaí a eisiúint agus a chur in iúl dom le linn freastal mo pháiste / í ar Ghaelscoil Uí Earcáin.

Ainm an Tuismitheora/Chaomhnóra / Ainmneacha na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí

______________________________________________________________________________

Síniú an Tuismitheora / Chaomhnóra/ Ainmneacha na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí

______________________________________________________________________________

Dáta ___________________________________________________________________________

Ainm an pháiste ___________________________ Rang _________________________